


Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla

2018





‘Cladach Leachtchriostail’

Íomhá chlúdaigh glactha ag Íomhá Taighde FEÉ de bhuaiteoir na Bliana 2018, an Dr Sithara Sreenilayam Pavithran, Comhordaitheoir leis an Lárionad Taighde um Ardteicneolaíocht Próiseála sa Scoil Innealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

“Léirítear san íomhá mhicreascópach cladach cosúil le gnéithe san ábhar leachtchriostail (LC) ag an trasdul ón bpas íseatrópach go dtí an pas néimiteach. Forbraítear an ghné sin i gceall LC grádáin teochta atá déanta de dhá shubstráit ghloine. Sa réigiún a bhfuil an chuma air go bhfuil boilgeog uisce gar don chladach ann, is féidir na lochtanna

ar nós snáitheanna ag teocht an trasdula ón bpas íseatrópach go dtí an pas néimiteach a fheiceáil. Is cruthúnas iad na lochtanna sin ar thrasdul an phas néimitigh aonaisigh. Is ionann an láthair ar a bhfuil dath buí, a bhfuil cuma uisce éadomhain air, agus an réigiún réamh-thrasdula, díreach faoin na dálaí don phasdeighilt íseatrópach néimiteach, i gcás go bhfuil móilíní ag dul isteach in ord claonta de réir a chéile. Is é sa láthair oráiste, atá cosúil le domhain, a ardaíonn ord claonta na móilíní go spontáineach faoin trasdul ón bpas íseatrópach go dtí an pas néimiteach. Braitheann dath na híomhá ar an teocht, ar chruth an mhóilín LC agus ar thiús samplach.”

Clár na nÁbhar

- 2 Príomhstaitisticí
- 4 Comhráiteas an Leaschathaoirligh agus an Ard-Stiúirthóra
- 7 Bliain faoi Athbhreithniú
- 12 Eolaíocht den Scoth
- 15 Tallann agus Scileanna
- 20 Lorg Domhanda
- 24 Iomaíochas a Chur chun Cinn
- 31 Rialachas, Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla
- 45 Ráitis Airgeadais Bhliantúla
- 66 Punann Dámhachtainí agus Dámhachtainí Úra
- 68 Ceangaltais Deontas agus Anailís ar Íocaíochtaí

Maidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) an fhondúireacht náisiúnta maidir le hinfheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (STEM), a chuidíonn le forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn. Chomh maith leis sin cuireann sé oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus tacaíonn sé leis chun feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus chun tacú le todhchaí gairmeacha STEM.

Féach www.sfi.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Creidim go dtéann eolas agus tuiscint eolaíoch chun sochair na sochaí agus an gheilleagair go léir – glac páirt sa chomhrá ar líne ag

#BelieveInScience

@scienceirel

Príomhstaitisticí 2018







Eolaíocht den Scoth

Tá Éire sa **12^ú háit** san eolaíocht dhomhanda¹

Tá 26 de na taighdeoirí is mó luaite ar domhan maoinithe ag FEÉ

Tá Éire sa¹...

-  **1^ú áit** – Imdhíoneolaíocht
-  **2^ú háit** – Eolaíochtaí Talmhaíochta
-  **3^ú háit** – Nanaitheicneolaíocht
-  **5^ú háit** – Eolaíochtaí na nÁbhar

Tá Éire sa²...

- 1^ú háit** ar domhan le haghaidh scaipeadh eolais
- 5^ú háit** le haghaidh tionchar eolais
- 6^ú háit** le haghaidh ionsú eolais
- 10^ú háit** don tír is nuálaí

Tuairiscíodh **4,881** foilseachán. Tá 2.66 níos mó seans ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag FEÉ ina scothfhoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda³

Tallann agus Scileanna

Tacaíonn FEÉ le **39,823** post in Éirinn (méadú 28%)

4,924 duine ag obair ar thionscadal a dtacaíonn FEÉ leo

1,610 Mac léinn iarchéimí tacaíthe

Gníomhaíochtaí oideachais agus rannpháirtíochta poiblí méadaithe **20%**

12 Fhéile réigiúnacha Sheachtain na hEolaíochta -1,400 imeacht Feachtas na meán sóisialta **#StopAndAsk**

Lorg Domhanda

2,715 comhoibriú idirnáisiúnta in 74 tír

Is ionann **72%** den chomhoibriú acadúla-acadúla idirnáisiúnta

Ranníocann Clár Comhdhálacha agus Ceardlann FEÉ

€9.3 milliún don gheilleagar

1 InCites le Clarivate Analytics

2 Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2018

3 Is ionann scothfhoilseacháin agus foilseacháin sa chéad 1% de na foilseacháin is mó luaite, go domhanda

Iomaíochas a Chur chun Cinn...


Maoiniú ón Tionscail **méadú 43% = €46m**

1,715 comhoibriú tionscail

12 mhac-chuideachta

51 paitinn dáfa

174 nochtadh airge



Luach ar Airgead

Ón €188 milliún, gearáil infheistíochtaí FEÉ

Maoiniú nach ón Státchiste é

€230 milliún (méadú 31%)

€98 milliún buaite ó AE (méadú 40%)

6 Dámhachtain ERC buaite ag taighdeoirí FEÉ

Le haghaidh gach €1 a infheistíonn an Stát in Ionaid Taighde FEÉ, déantar thart ar €5 a ghearáil ar ais sa gheilleagar⁴

...agus Forbairt Réigiúnach

897 comhoibriú réigiúnach tionscail - **504** le CINanna agus **393** le FBManna

Réigiún an Iarthair

41 CIN

72 FBM

Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre

280 CIN

214 FBM



Réigiún an Tuaiscirt

8 CIN

11 FBM

Réigiún an Deiscirt

175 CIN

96 FBM

⁴ Tuarascálacha um measúnacht tionchair neamhspleácha 2018 trí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh agus Ollscoile Luimneach

Comhráiteas an Chathaoirligh agus an Ard-Stiúrthóra



An tOllamh Mark Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann



Bernie Cullinan, Uasal

Cathaoirleach Gníomhach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Nuálaíocht agus Tionchar a Sholáthar d'Éirinn

Ba bhliain shuntasach í 2018 d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), agus muid ag leanúint le béim a chur ar thacaíocht a thabhairt do thaighde eolaíochta den scoth lenár soláthraíodh tionchar bunathraitheach eacnamaíoch agus sochaíoch d'Éirinn.

Mar chuid de straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Clár Oibre 2020, agus straitéisí tábhachtacha an Rialtais - Poist Amach Anseo, Éire, Tionscadal Éire 2040 agus Éire Dhomhanda 2025 a sheachadadh - mhéadaíomar infheistíocht in Ionaid Taighde FEÉ, soláthraíomar tacaíocht do thaighdeoirí luathghairme, d'fhorbraíomar clár cuimsitheach úr PhD agus d'earcaíomar taighdeoirí den scoth go hÉirinn. Chothaíomar comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idirnáisiúnta sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSín. Lean an tionscal, CINanna agus FBManna, le sochar a bhaint as an taighde a bhí á dhéanamh in Éirinn, mar a thaispeántar le leibhéal suntasach comhoibríthe agus méadú 43% ar chómhaoiniú (go €46 milliún) ó fhiontar próbháideach i gcomhair cláir taighde arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

In 2018, rinneamar tuilleadh oibre le tacú le cumas taighde suntasach i réimse lena mbaineann tábhacht straitéiseach, amhail aeráid, fuinneamh muirí agus in-athnuaite, agrai-theicneolaíocht, bithghéilleagar agus déantúsaíocht chliste. Leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le tacaíocht a thabhairt do phríomhréimsí lena mbaineann tábhacht náisiúnta straitéiseach amach sa todhchaí.

Eolaíocht lena bhfuil tionchar

Is é aidhm uileghabhálach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann cur le feabhas ar dhul chun cinn na sochaí tríd an taighde bunathraitheach a dtugaimid maoiniú ina leith agus cuidiú le sochaí rannpháirteach agus eolasach a bhfuil meas acu ar thaighde a chothú. In 2018, d'óstálar 'Think-In' leis an tionscal agus le heagraíochtaí na hearnála poiblí chun clár nua maoiniú bunaithe ar dhúshlán a chruthú. Mar thoradh air sin cruthaíodh duais do Nuálaí Amach Anseo FEÉ, le 12 fhoireann a bhí san iomaíocht le haghaidh duais €1 mhilliún, ag tosú in 2018 agus ag leanúint ar aghaidh isteach go 2019. Tá sé mar aidhm leis an gcomórtas agus leis an duais féin leas a bhaint as inniúlachtaí nuálaíochta na hÉireann, réitigh shuaiteacha a mbeidh tionchar acu a fhorbairt ar phríomhdhúshláin náisiúnta shochoíochta agus eacnamaíochta a fhorbairt.

Le rannpháirtíocht leis an tionscal, tré 1,715 comhoibriú, is féidir linn a chinntiú gur féidir tairbhí inbhraite eacnamaíochta agus sochoíochta a sheachadadh leis an taighde den scoth a ndéanaimid, ag tacú leis an infheistíocht dhíreach eachtrach reatha agus amach anseo araon, le FBManna agus lenár dtimpeallacht gnólachtaí nuathionscanta.

Is é líonra Ionaid Taighde SFI ar leibhéal domhanda an ceann feadhna atá taobh thiar dár dtimpeallacht taighde chomhoibríoch, agus le cláir eile amhail Comhaltacht Tionscail FEÉ treisítear scileanna agus cothaítear an cumas fiontraíochta le rannpháirtíocht réigiúnach.

Tá sé ina thosaíocht rochtain ar thaighde a mhéadú, ionas go mbeidh níos mó buntáistí sochoíochta agus eacnamaíochta ann. Bhí rochtain oscailte ar 45% de na hailt bhunaidh agus de na hailt athbhreithnithe arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann a foilsíodh in 2018.

Chuamar i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta maoiniúcháin eile le tacú le Plean S, tionscadal arna chomhordú ag Eolaíocht na hEorpa, ar céim í sin i dtreo rochtain oscailte iomlán agus láithreach a bhaint amach do gach foilseachán taighde FEÉ-mhaoinithe faoi 2021.

Tallann a chothú

Príomhchuspóir d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann is ea tacú le daoine a bhfuil tallann iontu le smaointe chun nuálaíocht a chur chun cinn, cuidiú le hÉirinn aghaidh a thabhairt ar an mórán dúshlán atá romhainn - athruithe teicneolaíoch, ag aistriú go geilleagar ísealcharbóin agus geilleagar inbhuanaithe a fhorbairt.

Tháinig méadú 28% ar líon na bpost a dtacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann leo, go díreach agus go hindíreach araon ar fud na réigiún, agus 4,924 duine ag obair ar thionscadail tacaíthe. Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le 1,161 mac léinn iarchéime, agus 31% ag dul chuig obair sa tionscal mar fhostaíocht na 1ú cinn scríbe.

Sheolamar Clár úr um Oiliúint Taighde Ionaid Taighde FEÉ le hinfheistíocht de os cionn

€100 milliún ó Rialtas na hÉireann chun cuspóir Thionscadal 2040 a bhaint amach maidir le geilleagar láidir a fhorbairt trí chumas taighde na hÉireann maidir le freastal ar riachtanais scileanna an tionscail a mhéadú. Leis na gclár sin soláthrófar oiliúint do níos mó ná 700 mac léinn iarchéime sna réimsí maidir le riachtanais scileanna don todhchaí arna sainaitheint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (sonraí digiteacha agus TFC), agus cuirfear tús leis an gcéad ghlacadh mac léinn i mí Mheán Fómhair 2019.

Tá sé ina phríomhchuspóir tallann idirnáisiúnta taighde a mhealladh. In 2018, earcaíodh taighdeoirí atá ar thús cadhnaíochta sa domhan trí Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ. Earcaíodh an tOllamh John Dalton ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; earcaíodh an tOllamh Murray Hitzman ó Shuirbhé Geolaíoch SAM chun dul leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), ina bhfuil iCRAG, Ionad Taighde FEÉ sna Geo-eolaíochtaí Feidhmithe á stiúradh aige; agus earcaíodh an tOllamh Séamus Davis ó Ollscoil Cornell sna Stáit Aontaithe, i gcomhcheapachán idir Coláiste Ollscoile, Corcaigh agus Ollscoil

Oxford. Beidh sé i gceannas ar chlár taighde san fhísic chandamach lena dtacaíonn

Gradam gradamach na Comhairle Eorpaigh um Thaighde agus Gradaim Ollúnachta agus Bonneagair Taighde FEÉ. Mheallamar ceithre thaighdeoir luathghairme ar ais go hÉirinn le déanaí chomh maith trí Chlár Ceannairí Taighde Amach Anseo Uachtarán na hÉireann de chuid FEÉ.

Lorg domhanda

In 2018, mhéadaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann a lorg domhanda, lena cútíodh buarthaí faoi Brexit agus lena gnóthaíodh aitheantas agus láithreach idirnáisiúnta, a seachadadh trí chomhoibriú láidre taighde agus trí chomhpháirtíochtaí déthaobhacha. Tionóladh 2,715 comhoibriú idirnáisiúnta taighde idir taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus a gcomhoibrithe in 74 tír, arb é sin méadú 10%.

Mhéadaíomar tuilleadh an comhoibriú idirnáisiúnta suimiúla le cuideachtaí nuálacha domhanda, ollscoileanna ar leibhéal domhanda agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta maoiniúcháin; tá 72% den chomhoibriú acadúil go hacadúil arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Tacóidh comhinfheistíocht idir an Ríocht Aontaithe agus Éire (de thart ar €39 milliún ó FEÉ) le rannpháirtíocht Ionaid Taighde FEÉ i seacht nIonad úra le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta le mór-ollscoileanna na Ríochta Aontaithe, rud a thabharfaidh deis do níos mó ná 200 mac léinn PhD Éireannach chun sochar a bhaint as clár taighde agus oiliúna den scoth. Rinneadh na dámhachtainí sin faoi chomhpháirtíocht úr idir

Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Chomhairle Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Fisiceacha (EPSRC), atá ina chuid de Thaighde agus Nuálaíocht na Ríochta Aontaithe (UKRI).

Léirítear ár gcuidreamh leanúnach láidir le SAM, atá spreagtha den chuid is mó lenár gcomhpháirtíocht leis an bhFondúireacht Náisiúnta Eolaíochta (FNE), leis an 454 comhpháirtíocht taighde idir SAM-Éire agus an €75 milliún atá infheistithe i measc 45 comhpháirtíocht rathúil go dtí seo.

In 2018, bhunaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann a céad phost thar lear i SAM chun deiseanna comhoibrithe taighde a shainaitheint agus a éascú lena chur ar chumas taighdeoirí Éireannacha teagmháil níos fearr a bheith acu le tionscal, fondúireacht dhaonchairdiúil agus saol acadúil SAM. Tá an post lonnaithe laistigh d'Oifigí Mountain View ÚFT, agus ar an tslí sin cinntítear éifeachtacht agus comhordú. Gabhaimid buíochas lenár gcomhghleacaithe in ÚFT as an gcuidiú agus as an tacaíocht sin.

Níos faide i gcéin, d'fhógraíomar sonraí maidir le hocht ndámhachtain úra taighde i ndáil le comhoibriú idir taighdeoirí Éireannacha agus Síneacha mar chuid de chlár idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Náisiúnta na Síne (NSFC). Is éard atá i gceist leis na dámhachtainí sin comhinfheistíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann de €8.6 milliún, agus ¥31,920,000 (ca. €4,273,000) ón NSFC.

Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann le taighdeoirí atá bunaithe in Éirinn dul san iomaíocht le haghaidh maoiniú taighde Eorpach ó Chlár Fhís 2020 AE agus é a bhuaich, agus bhuaigh taighdeoirí maoiniú dar luach €98 milliún in 2018, arb é sin méadú 40% ón mbliain roimhe sin.

Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Taoiseach Leo Varadkar TD, leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD agus leis an Aire Stáit le freagracht as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, John Halligan TD, agus an lear mór ionadaithe tofa as tacú le fíis agus misean Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in 2018.

Ba mhaith linn aitheantas agus buíochas a thabhairt d'fhostaithe uile Fhondúireacht Eolaíochta Éireann as a dtiomantas agus a dtacaíocht leanúnach maidir lenár spriocanna a bhaint amach. Ní dhéanfaí an dul chun cinn a rinneadh le deich mbliana anuas ach gurb é ár bhfostaithe. Gabhaimid buíochas le Bord FEÉ as a dtacaíocht agus a dtiomantas ama d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Gabhaimid buíochas leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile, go háirithe Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas, an Bord Taighde Sláinte, Teagasc, Foras na Mara agus a lán dreamanna eile as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bpobal taighde as a ndúthracht, a ndíograis agus a bhfís, agus aitheantas a thabhairt do chion luachmhar Institiúidí Ardoideachais agus thionscail nuálacha na hÉireann.

Gabhaimid buíochas chomh maith lenár maoinitheoirí idirnáisiúnta agus lenár gcomhpháirtithe tionscail as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht le cómhaoiniú ár gclár agus dámhachtainí comhpháirtíochta.

Ag Breathnú ar Aghaidh

Ní mór ár n-éiceachóras, a thacaíonn le taighde den scoth, tallann den scoth, comhoibriú leis an tionscal, maoiniú idirnáisiúnta iomaíoch a bhuaich agus cáil maidir le seachadadh torthaí a imríonn tionchar, a chothú agus tacú leis. Leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le bheith nuálach maidir le cláir a cheapadh agus a fhorbairt lena seachadfar torthaí taighde den scoth, rud a sholáthróidh

taighdeoirí den scoth agus a mheallfaidh geallsealbhóirí cuí. De réir mar a mhéadaínn tíortha eile infheistiú sa taighde, ní mór dúinn a bheith sofheagrúil, ábhartha agus iomaíoch i gcónaí. Leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le hinfeistiú mhéadaithe a lorg in éiceachóras TF&N na hÉireann trí luach an taighde sin do gheilleagar agus do shochoaí na hÉireann a léiriú go soiléir. Ní mór dúinn a bheith uailmhianach agus infheistiú i réimsí fíor-acmhainneachta, chun ár n-iomaíochas eacnamaíoch amach seo a chinntiú agus chun cuidiú le dúshláin thábhachtacha do shochoaí na hÉireann a réiteach.

In 2018, chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann tús le comhairliúchán forleathan maidir lenár straitéis úr don tréimhse 2020-2025. Beidh sé mar aidhm leis an straitéis ár bpobal taighde, an tionscal agus an pobal a chumhachtú, rud a chuideoidh linn díriú ar réimsí a measaimid gur féidir linn an luach is fearr a chur leo, agus nuálaíocht agus fás a spreagadh le héifeachtacht agus le hiomaíochas feabhsaithe. Bhí tionchar ag na comhairliúcháin sin ar ár bpleanáil le haghaidh 2019. Thugamar tús áite do thacaíocht fheabhsaithe, trí Theorainneacha do Chlár don Todhchaí FEÉ, le haghaidh taighde den scoth faoi stiúir daoine aonair ag gach céim ghairme, lena n-áirítear tionscadail mhionscála ardriosca níos gairide, agus cláir fhadtéarmacha níos mó.

In 2019, oibreoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann lenár geallsealbhóirí chun ár straitéis úr a thabhairt chun críche agus chun cláir a sheachadadh lena soláthraítear taighde den scoth agus taighdeoirí ardoilte a bhíonn á lorg ag fostóirí, chomh maith le torthaí taighde a aistriú go tionchair fhiúntacha eacnamaíocha agus bheartais.



An tOllamh Mark Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann




Bernie Cullinan, Uasal

Leaschathaoirleach, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

2018: Bliain faoi Athbhreithniú

Eanáir

- D'fhógair Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland, faoi stiúir an Choláiste Ollscoile, Corcaigh, cion suntasach le bagairt na sláinte domhanda maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach trí antaibheathaigh speictrim leathain.
- Lainseáil an Dr Shane Bergin, COBÁC, an tsraith podchraoltaí '101: The Ways We Learn', ina ndéantar iniúchadh ar an dóigh a bhfoghlaímíonn daoine rudaí úra, tacaithe ag Clár Fionnachtana FEÉ.
- D'fhógair an déantóir trealaimh déiríochta Éireannach Dairymaster, IT Thrá Lí agus Lero, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Bogearraí, faoi stiúir Ollscoil Luimnigh (OL), comhpháirtíocht T&F úr dar luach €2 mhilliún chun cúnamh intleachtúil saorga a fhorbairt d'fheirmeoirí.



Lainseáil an tAire Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Richard Bruton TD, SciFest ar a lá cuimhneacháin deich mbliana agus tá sé tacaithe ag Clár Fionnachtana FEÉ.

Feabhra

- D'fhorbairt Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Anailísíocht Sonraí Insight aip fhóin phóca 'How Are You Ireland?' a taispeánadh ar an Late Late Show RTÉ, chun staidéar taighde maidir le folláine dhaonra na hÉireann a lainseáil.
- D'fhógair FutureNeuro, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Galair Néareolaíoch Ainsealacha agus Neamhchoitianta faoi stiúir Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI), comhpháirtíocht tionscail le Congenica, chun diagnóisí níos beaichte ar thitmeas géiniteach a sholáthar.
- Lainseáil an tAire Oiliúna, Scileanna, Nuálaíochta, Taighde agus Forbartha, John Halligan TD, 41 tionscnamh éagsúil tacaithe ag Clár Fionn FEÉ, le hinfheistíocht €4.4 milliún le STEM a chur chun cinn i measc phobal na hÉireann.
- D'fhógair AMBER, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Ardábhar agus Bithinnealtóireachta faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, comhpháirtíocht le Johnson & Johnson chun saotharlann chomhoibríoch dhomhanda bhithphriontála 3T chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar sheachadadh an chúraim shláinte d'othair agus do thomhaltóirí.



Sa phictiúr (c-d): An Dr Lorraine Byrne, Stiúthóir Feidhmiúcháin Ionad Taighde FEÉ, AMBER, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht, Heather Humphreys TD, agus an Dr Gráinne Cunniffe, Bainisteoir Tionscadail J&J.

Márta

- Bronnadh Ollúnacht Taighde FEÉ ar an ngeolaí domhanda, an tOllamh Murray Hitzman, agus ceapadh é ina Stiúrthóir ar iCRAG, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Taighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmithe, faoi stiúrthóir COBÁC.
- Bhronn an Taoiseach Leo Varadkar TD Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ ar an Ollamh Margaret Murnane, University of Colorado, agus ar David McCourt, Granahan McCourt Capital, as a gcion suntasach leis an saol acadúil, an tionscal agus taighde.
- Thionóil Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhpháirtíocht le Fraunhofer Gesellschaft, cuairt ón Aire Richard Bruton TD, ar Fraunhofer Institute for Applied Polymer (IAP) Research in Potsdam chun taighde comhoibríoch fairsing atá ar siúl cheana idir taighdeoirí in Éirinn agus in Institiúidí Fraunhofer a léiriú.
- I rith Sheachtain na nInnealtóirí a bhí tacaíthe ag Clár Fionn FEÉ, bhí féile seachtaine ar siúl ar fud na hÉireann inar ceiliúradh an saol innealtóireachta.



Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Eoin O'Reilly, POF eatramhach Institiúid Náisiúnta Tyndall, Corcaigh, leis an Dr Sunit Rikhi, Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Comhairleoir Feidhmiúcháin do Rockley Photonic, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann, an Taoiseach Leo Varadkar TD, agus an Dr Patrick Morrissey, Bainisteoir Lárnach Ionad Taighde IPIC FEÉ.



Aibreán

- D'fhoilsigh CÚRAM, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh taighde maidir le cóireáil fhéideartha úr do phian in íochtar an droma ag baint úsáid as aigéad hialúrónach san irisleabhar Science Advances.
- D'fhógair an tAire Halligan infheistíocht dar luach €13.7 milliún sa chéad ghlúin eile de thallann taighde trí Dhámhachtainí Forbartha Gairme FEÉ, a thacaigh le 22 taighdeoir luathghairme i raon príomhréimsí straitéiseacha.
- Bhuaigh mic léinn ó Choláiste Marist i mBaile Átha Luain an teideal náisiúnta ag Babhtáí Ceannais ESERO Ireland CanSat Ireland arna maoiniú ag FEÉ, agus arna chomhordú ag Faireachlann CIT Chaisleán na Carraige Duibhe.
- Lainseáil Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) an tionscadal taighde domhainigéin iMARL arna mhaoiniú ag FEÉ, chun 18 seismiméadar úrscóthacha a thógáil amach ó chósta thiar na hÉireann.
- Bhuaigh Lero, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Bogearraí faoi stiúir Ollscoil Luimnigh, Dámhachtain dhomhanda Shochaí Ríomhaireachta IEEE 2018 le haghaidh comhoibriú tionscail.



Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann; an tAire Oiliúna Scileanna, Nuálaíochta, Taighde agus Forbartha, John Halligan TD agus an tOllamh Sheila McBreen (COBÁC) ag lainseáil Dhámhachtain CDA FEÉ.



Bealtaine

- Laineáil an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, CONFIRM, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Déantúsaíocht Chliste, faoi stiúir Ollscoile Luimnigh.
- Suiteáladh sár-ríomhaire náisiúnta úr ICHEC ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le maoiniú €5.4 milliún ó FEÉ, chun cumhacht ardfheidhmíochta ríomhaireachta a chur ar fáil chun dul i ngleic le cuid de na dúshláin is mó san eolaíocht agus sa tsochaí.
- Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le cuibhreannas tionscadal ACT de 17 gcomhpháirtí ó 11 thír chun feabhas a chur ar shaineolas inscne agus ar chur chun feidhme na bpleananna um chomhionannas inscne i dtaighde agus nuálaíocht na hEorpa.
- Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhpháirtíocht le Comhlachas Tráchtála Mheiriceá, Éire, chun 'Think-In' a óstáil le ceannairí sinsearach tuairimí in Éirinn chun cuidiú le clár maoiniúchán úr bunaithe ar dhúshláin a fhorbairt.



Ainmníodh Sharon Omiwole mar an buaiteoir náisiúnta de chomórtas cumarsáide eolaíochta na hÉireann, FameLab, a bhí tacaíthe ag FEÉ.



Sa phictiúr ag Comhlachas Mheiriceá FEÉ 'Think-In' (c-d/): Helen McBreen, Stiúrthóir Infheistíochtaí, Atlantic Bridge; Yvonne Goff, Príomhoifigeach Faisnéise Cliniciúla, FSS, agus Sheila Kelly, Stiúrthóir na nGnóthaí Tráchtála, ICON plc.

Meitheamh

- D'fhógair An tAire Humphreys infheistíocht €1.8 milliún in 21 Comhaltacht Eolaíochta úr de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag nascadh taighdeoirí le 20 comhpháirtí tionscail MNC agus FBM chun taighde a dhéanamh ar fhuinneamh in-athnuaite, ailse, feistí leighis, braiteoirí comhshaoil agus eolaíocht na n-ábhar.
- D'fhógair an Tánaiste Simon Coveney TD agus an tAire Trádála, Fostaíochta, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosanta Sonraí, Pat Breen TD, os cionn €12 mhilliún i maoiniú chomhthaighde le Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta Nádúrtha na Síne (NSFC), ag tacú le hocht gcomhoibriú úra taighde i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach don dá thír.



D'fhógair an tAire Halligan an 641 bunscóil ar fud na tíre a fuair Dámhachtain Fionn Eolaíocht agus Matamaitic na Bunscoile FEÉ – sa phictiúr ag Scoil Náisiúnta San Ursula, Port Láirge.



D'fhorbair Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland an chéad Lá Domhanda Micribhithóm riamh, faoi stiúir an Choláiste Ollscoile, Corcaigh, chun idirphlé poiblí maidir leis an rithábhacht a bhaineann le micribhithóim (baictéir, víris, fungais) do shláinte an duine, ainmhithe agus an chomhshaoil a spreagadh.

Iúil

- Laineáil Coimisinéir AE do Thalmhaíocht agus d'Fhorbairt Tuaithe, Phil Hogan an chéad cheann de naoi SmartAgriHub réigiúnach ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, mar chuid de thionscadal €20 milliún.
- Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an gcéad Lá Idirnáisiúnta riamh le haghaidh Daoine LGBTQ+ in STEM, ag ceiliúradh an mhéid atá bainte amach ag baill an phobail.



D'fhógair Kostal, déantóir córas leictreonach uathghluaisneach atá bunaithe i Luimneach, mórchlár T&F de €800,000 T&F le Lero, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Bogearraí faoi stiúir Ollscoile Luimnigh, chun líne chliste chóimeála a fhorbairt don todhchaí.

Lúnasa

- D'fhógair Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Fuinneamh Muiriú agus In-athnuaite Éireann (MaREI) faoi stiúir an Choláiste Ollscoile, Corcaigh €4.4 milliún eile i maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ó chomhpháirtithe an tionscail faoi chlár Spokes FEÉ um Fhuinneamh In-athnuaite agus Éifeachtúlacht Breosla (SEFE), ina ndírítear ar bithfhuinneamh.
- Rinneadh Pathfinder, córas cuardaigh agus tarrthála chun nach gcaillfear comhraiceoirí dóiteáin nó nach gcuirfear as a dtreo iad i ndálaí deacra, a fhorbairt le taighdeoirí ag ADAPT, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Teicneolaíocht Inneachair Dhigitigh faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Sheirbhís Dóiteáin Chontae an Chabháin.
- Tháinig taighdeoirí ó Ionad Taighde FEÉ, AMBER agus BEACON ar réiteach úr ar an bhfadhb atá le plaisteach- plaisteach in-bhithmhille is féidir a athchúrsáil sa bhaile - rud a chruthaíonn féidearthachtaí úra le haghaidh bainistíocht dramhaíola.

Meán Fómhair

- Nocht An Post agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann ceithre stampa €1 dar teideal 'Irish Scientific Discoveries', lena dtugtar chun suntais fionnachtana a rinne eolaithe a oibríonn i dtaighde agus forbairt cheannródaíoch in Éirinn.
- D'fhógair an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe TD, agus ADAPT, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Teicneolaíocht Inneachair Dhigitigh faoi stiúir Ollscoil na Tríonóide, BÁC, clár taighde úr le haghaidh Teicneolaíocht Airgeadais, FinTech Fusion. Spreagfar leis fionnachtana i dteicneolaíochtaí íocaíochtaí (PayTech), rialacháin (RegTech) agus árachais (InsureTech) trí luas a chur le dul chun cinn na heolaíochta agus trí taighde atá bunaithe ar shonraí a spreagadh.
- D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus deich n-eagraíocht Eorpacha um maoiniú taighde eile laineáil cOAlition S atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gComhairle Eorpach um Thaighde, chun Rochtain Oscailte iomlán ar fhoilseacháin taighde a réadú.
- Laineáil an tAire Humphreys Duais Nuálaí na Todhchaí de chuid FEÉ, clár úr bunaithe ar dhúshláin dar luach €1 mhilliún ina n-iarrtar ar thaighdeoirí cuir chuige nuálacha maidir le dúshláin shoचाíochta na hÉireann a fhorbairt.
- D'óstáil taighdeoirí Ollscoil na Tríonóide, BÁC an chomhdháil 'Schrodinger at 75' ag an hCeoláras Náisiúnta, le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ina raibh cúig urlabhraithe a bhuaigh Duais Nobel páirteach.



Sa phictiúr: Axieh Bagasol, Cúntóir Taighde agus mac léinn MSc I-Form, leis an Aire Halligan ag laineáil I-Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Ard-Déantúsaíochta I-Form, faoi stiúir COBÁC.

Deireadh Fómhair

- Laineáil an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, Ionad Taighde úr FEÉ, VistaMilk, in Teagasc, an Chloch Liath, Co. Chorcaí, arna chómhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ag a Roinn.
- Laineáil an tAire Credd Ionad Taighde úr FEÉ, BEACON Bioeconomy, dar luach €22.2 milliún ag an gCampas Náisiúnta Bithgheilleagair sa Lisín, Co. Thiobraid Árann, mar chuid de Lá tionscnaimh Bithgheilleagair na hÉireann.
- Laineáil an tAire Creed Microbe Mom, comhinfeistíocht taighde theiripigh de €3.4 milliún trí Chlár Spokes FEÉ agus tríd an bpríomhchuideachta Éireannach, Alimentary Health Group, faoi stiúir Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh.



Samhain


- Laineáil an tAire Humphreys FutureNeuro, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Galair Néareolaíoch Ainsealacha agus Neamhchoitianta faoi stiúir Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI).
- Thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann cuireadh do phobal na hÉireann le stopadh agus ceisteanna a chur (#StopAndAsk) faoin saol thart orthu do Sheachtain Náisiúnta na hEolaíochta, agus phléigh taighdeoirí na ceisteanna .
- Craoladh sraith úr RTÉ 'Growing Up, Live' mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta, 2018 chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairtí neamhghnácha daoine óna mbreith go dtí a mbás.



Nollaig

- Síniú Meabhrán Tuisceana idir an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun a dtiomantas do chur chun cinn chóras taighde ardoideachais na hÉireann a chur ar bhonn foirmiúil.
- Fógraíodh Ollamh Taighde FEÉ, Séamus Davis, chun clár taighde ceannródaíoch a stiúradh maidir le staidéar a dhéanamh ar Ábhair Chandamacha le haghaidh na Teicneolaíochta Candamaí, i gcomhcheapachán leis an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, ag Ollscoil Oxford trí dhámhachtain Ard-deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde.
- Rinneadh comhoibriú taighde chun tionchar suntasach a imirt ar an dóigh a ndéantar MRSA agus tarbhfrídí eile a rialú agus a chosc in ospidéal agus i dtimpeallachtaí pobail a fhógairt idir AMBER, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Taighde Ardábhar agus Bithhinnealtóireachta faoi stiúir Ollscoil na Tríonóide, BÁC, agus KASTUS.
- Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le SCI:COM 2018, le heochairchainteoirí amhail gníomhaire agus cumarsáidí eolaíochta SAM, Alan Alda.





Eolaíocht den Scoth

Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann le heolaíocht den scoth lena seachadtar tionchar bunathraitheach sochaíoch agus eacnamaíoch d'Éirinn, a oibríonn chun dul i ngleic le dúshlán dhomhanda. Féachaimid le tacú le taighde agus fionnachtain de scoth lena ndéantar difear mó dár saol.

1. Tábla 2018 de Rangú Tíre

(An 20 Tír is Fearr – InCites Essential Science Indicators)

Tíortha-Críocha	Rangú
An Íoslainn	1
An Eilvéis	2
Albain	3
An Ísiltír	4
An Danmhairg	5
Singepór	6
An Bhreatain Bhig	7
Sasana	8
An Bheilg	9
SAM	10
An tSualainn	11
Éire	12
An Eastóin	13
Tuaisceart Éireann	14
An Ostair	15

2. Barr Feabhais Domhanda i Réimsí Sonracha


Déantar staidreamh rangaithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bhailiú trí InCites le Clarivate Analytics:

1^ú áit	Imdhíoneolaíocht
2^ú háit	Na hEolaíochtaí Talmhaíochta
3^ú háit	Nanaitheicneolaíocht
5^ú háit	Eolaíochtaí na nÁbhar
7^ú háit	Micribhitheolaíocht
8^ú háit	Néareolaíocht agus Iompraíocht
8^ú háit	Bitheolaíocht Mhóilíneach agus Géinitic
9^ú háit	Taighde Leighis Bunúsach
11^ú háit	Ceimic

Gradam Thaighdeoir FEÉ na Bliana 2018

An tOllamh Linda Doyle, an Déan Taighde, Ollscoil na Tríonóide, BÁC, sa phictiúr leis an Ollamh John Boland, an Scoil Cheimice, Ollscoil na Tríonóide, BÁC.

Fógraíodh an tOllamh Boland, iar-Stiúrthóir ar an Ionad Taighde ar Nanastruchtúir agus Nanaifheistí Oiriúnaitheacha (CRANN) agus Ionad Taighde FEÉ, AMBER, mar fhaighteoir Thaighdeoir FEÉ na Bliana i mí na Samhna 2018.



3. Foilseacháin agus Sleachta

Tá feidhmíocht láidir na dtaighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i bhfoilseacháin agus sleachta eolaíochta ina fianaise go bhfuil méid suntasach á bhaint amach againn ar leibhéal idirnáisiúnta comparáideach.

4,881 foilseachán tuairiscithe ag taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in 2018.

Tá **2.66** níos mó seans ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina scothfhoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda (bunaithe ar fhoilseacháin sa 1% de na foilseacháin is minice a luaitear, ar bhonn domhanda). Is é 1.71 meán náisiúnta na hÉireann.

Tír	Maoinitheoir	# Doiciméid i nGréasán na hEolaíochta	Doiciméid sa Chéad 1%
Éire	Uile	181,071	1.71
Éire	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	18,026	2.66
SAM	Uile	9,659,152	1.78
SAM	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	552,738	2.89
SAM	Institiúid Náisiúnta Sláinte	831,835	2.88
An Eilvéis	Uile	566,747	2.63
An Danmhairg	Uile	313,829	2.47
Singéapór	Uile	235,214	2.20
An Ríocht Aontaithe	Uile	2,682,452	1.83
An Fhionlainn	Uile	245,252	1.78
An Nua-Shéalainn	Uile	175,858	1.76
Iosrael	Uile	288,086	1.65
An tSín	Uile	4,002,157	1.06
AE	Uile	11,258,058	1.26
AE	An Chomhairle Eorpach um Thaighde	72,787	4.82

Foinse: InCites le Clarivate Analytics



SPOTSOLAS AR BHARR FEABHAS

Ag ceiliúradh 26 de thaighdeoirí na hÉireann is minice a luaitear

In 2018, liostaigh Clarivate Analytics 26 taighdeoir arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina liosta domhanda de na Taighdeoirí Is Minice a Luaitear, á gcur sa stratam is airde tionchair agus éifeachta.

Sa liosta, arna shocrú ag a bpiaraí ar fud an domhain, aithnítear taighde den chéad scoth as a bhfeidhmíocht taighde eisceachtúil, a léirítear le soláthar na bpáipéar iomadúil is minice a luaitear atá sa chéad 1% is fearr de réir sleachta sa réimse.

Tá an liosta domhanda foriomlán agus an anailís sleachta ina chúigiú bliain agus cuimsítear 17 mBuaitear Duais Nobel ann.

Sainaitnítear ann taighdeoirí a bhfuil tionchar acu agus atá chun tosaigh maidir leis na dúshlán is mó ar domhan a réiteach. Bhí 33 taighdeoir Éireannach i liosta 2018, agus 26 duine acu tacaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, rud a léirigh an t-ardchaighdeán seo de bharr feabhais lena dtacaíonn sí. I measc an 26 taighdeoir tá:

- Elke K Arendt, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh,
- Paula Bourke, Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath
- Andrew G Bowie, Ollscoile na Tríonóide, BÁC
- Nigel P Brunton, Teagasc
- Yvonne M Buckley, Ollscoil na Tríonóide, BÁC
- Jonathan N Coleman, TCD
- Aiden Corvin, Ollscoil na Tríonóide, BÁC
- Paul D Cotter, Teagasc
- John F Cryan, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh
- Henry J Curran, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,
- Kenneth A Dawson, Ollscoil na Tríonóide, BÁC,
- Timothy Dinan, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh
- Georg S Duesberg, Ollscoil na Tríonóide, BÁC,
- Padraic G Fallon, Ollscoil na Tríonóide, BÁC,
- Gerald F Fitzgerald, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh
- Colin Hill, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh
- Derek W Morris, Ollscoil na Tríonóide, BÁC
- Colin D O'Dowd, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Luke AJ O'Neill, Ollscoil na Tríonóide, BÁC
- Orla O'Sullivan, Teagasc
- Paul W O'Toole, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh
- Paul R Ross, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh
- Catherine Stanton, Teagasc Da-Wen Sun, COBÁC
- Brijesh K Tiwari, Teagasc
- Michael J Zaworotko, Ollscoil Luimnigh



Sa phictiúr tá seachtar den deichniúr dtaighdeoir de chuid Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, a ainmníodh i Liosta Domhanda 2018 de na Taighdeoirí Is Minice a Luaitear. Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Paul Ross, an tOllamh Catherine Stanton, an Dr Paul Cotter, an tOllamh Elke Arendt, an tOllamh John Cryan, an Dr Orla O'Sullivan agus an tOllamh Colin Hill.



Tallann agus Scileanna

Infheistíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann i dtallann den chéad scoth chun smaointe agus nuálaíocht a chur chun cinn, agus chun eolas a iniúchadh, a fhorbairt agus a roinnt chun leas agus chun tairbhe chách. Ceann de na torthaí is suntasaí agus is tábhachtaí ó infheistiú a dhéanamh i dtaighde is é oiliúint céimithe ardoilte PhD le haghaidh ardtionscal ardluacha in Éirinn. Teastaíonn todhchaí láidir

de thallann den scoth uainn lenar féidir iomaíochas agus táirgiúlacht a spreagadh in Éirinn. Trí infheistiúocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i dtallann, táimid ag féachaint go seasfaidh ár ngeilleagar agus ár sochaí an aimsir.

4,924

duine ag obair ar thionscadail arna dtacú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Ag féachaint go seasfaidh todhchaí STEM in Éirinn an aimsir

1,610

Mac léinn iarchéime (PhD agus Máistreacht) tacaíte ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann – chuaigh 31% díobh chuig obair sa tionscal mar fhostaíocht na lú cinn scríbe

1,161

Iardhochtúireachta

507 Sealbhóirí Dhámhachtain FEÉ

259 Taighdeoirí Maoinithe

126 Comh-príomh-imscrúdaitheoirí

Leanann an **tionscal** de bheith mar an gceann scríbe aonair is mó (26% d'fhágáilthe foirne)

Clár úra Lainseáilte in 2018 – Toghcháí Tallainne

D'fhorbair Fondúireacht Eolaíochta Éireann Clár úr um Oiliúint Ionaid Taighde FEÉ chun

PhDanna a mhéadú agus tacú leo agus chun tallann luathghairme a chothú, ag freastal ar riachtanais scileanna sonraí an tionscail. Tosóidh na chéad mhic léinn i mí Mheán Fómhair 2019.

Is ionann hlonaid EPSRC-FEÉ le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta agus comhthionscnamh idir an Ríocht Aontaithe agus Éire. Maoineoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mic léinn a bheidh bunaithe in Ionad Taighde FEÉ a bheidh comhtháite sa CDT, agus beidh oiliúint ar siúl sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn araon. Tosóidh glacadh na mac léinn in 2019.



SPOTSOLAS AR BHARR FEABHAS

An Chéad Chomhcheapachán le haghaidh Ollúnacht Taighde FEÉ

D'earcaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann an fisiceoir candamach turgnamhach atá ar thús cadhnaíochta, an tOllamh Séamus Davis, i mí na Nollag 2018, trí Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ agus trí Dhámhachtain Bonneagair FEÉ.

Leis an gcheapachán suntasach sin tabharfaidh an tOllamh Davis saibhreas eolais agus saineolais go hÉirinn, áit a bhfuil sé i gceannas ar chlár taighde ceannródaíoch chun staidéar a dhéanamh ar ábhair chandamacha le haghaidh na teicneolaíochta candamaí, i gcomhcheapachán le hOllscoil Oxford trí dhámhachtain Ard-deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde. Is é an Chéad Chomhcheapachán le haghaidh Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ.

Agus BSc san Fhísic bainte amach aige ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh in 1983, rachadh Séamus Davis ar aghaidh le bheith ina cheannaire domhanda sa réimse um ábhar candamach. Le 10 mbliana anuas ba é an tOllamh Davis Ollamh Oirirc James Gilbert White do na hEolaíochtaí Fisiceacha ag Ollscoil Cornell agus an Fisiceoir Sinsearach ag Saotharlann Náisiúnta Brookhaven na Róinne Oideachais. Is Comhalta é d'Acadamh Náisiúnta gradamach um Eolaíochtaí SAM. In 2005 bronnadh Duais 'Fritz London Memorial' air, an onóir is mó san fhísic ísealteochta, agus in 2009 bronnadh Duais Kamerlingh Onnes air. B'fhaighteoir é in 2016 de Bhonn gradamach Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ as a thiomantas don fhísic.

Le clár an Ollaimh Davis treiseofar cáil na hÉireann atá ag fás maidir le taighde ar ábhair chandamacha agus na teicneolaíochta candamaí, ag díriú ar léirshamlú díreach ar scála adamhach de staidéanna leictreonacha sna hábhair chandamacha, óna dteastaíonn timpeallacht saotharlainne ina bhfuil creathadh sáriseal ardspeisialaithe. Creideann an tOllamh Davis go bhfuil cur chun cinn fíor-athraitheach san eolaíocht, sa tionscal, sa gheilleagar agus sa tsochaí á ghealladh leis an dara réabhlóid chandaim.

Oibreoidh an tOllamh Davis le taighdeoirí ag Ionaid Taighde éagsúla FEÉ, lena n-áirítear Ionad um Chomhtháthú Fótonaice na hÉireann (IPIC), a óstáiltear ag Institiúid Náisiúnta Tyndall (TNI) i gCorcaigh, lena gcuirtear Éire chun tosaigh an taighde sa teicneolaíocht chandamach.



Tallann Thar Lear a Mhealladh

In 2018, rinneadh ceithre dhámhachtain faoi **Chlár Ceannairí Taighde Amach Anseo Uachtarán na hÉireann de chuid FEÉ**, arb ionann é agus infheistíocht €6.2 milliún chun tacú le taighdeoirí luathghairme. Ceapadh an clár chun tallann úr den chéad scoth agus tallann den chéad scoth atá ag teacht chun cinn a mhealladh go hÉirinn, ag aithint taighdeoirí luathghairme a bhfuil acmhainneacht ceannaireachta eisceachtúil léirithe acu ag teorainneacha an eolais.

Ba iad seo a leanas na dámhachtaithe: An Dr Suzanne Cloonan, an Dr David Loane (an bheirt acu ag Ollscoil na Tríonóide, BÁC), an Dr Joanne Masterson (Ollscoil Mhaigh Nuad) agus an Dr Stephen Redmond (COBÁC).

Tacóidh an clár chomh maith le hearcaíocht bhreise 17 bpost taighde, ag díriú ar réimsí amhail galar ainsealach scamhóg, imdhíoneolaíocht, neamhoird ghastraistéigeacha agus próistéitic /géaga róbatacha feabhsaithe.

Clár Ollúnachta Taighde FEÉ ag Mealladh Scoth-Taighdeoirí

An tOllamh Murray W. Hitzman - COBÁC

In 2018, earcaíodh an geolaí ar leibhéal domhanda, an tOllamh Murray Hitzman go hÉirinn faoi Chlár Ollúnachta Taighde FEÉ chun post a ghlacadh mar Stiúrthóir ar iCRAG, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Taighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmithe, faoi stiúrthóir COBÁC. Ina Stiúrthóir Comhlach le haghaidh Fuinnimh agus Mianraí roimhe seo ag Suirbhé Geolaíoch SAM, bhronn Acadamh Eolaíochtaí na hAstráile Bonn ‘Haddon Forrester King’ ar an Ollamh Hitzman in 2016.

An tOllamh John Dalton - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Bronnadh Ollúnacht Taighde FEÉ ar an dámhachtaí, an tOllamh John Dalton in 2018, rud a thug a chuid oibre go hOllscoil na hÉireann, Gaillimh chun straitéisí vacsaíní úra atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt chun dul i ngleic le galair sheadánacha ainmhithe agus daoine. Ina Ollamh i nGalair Ionfhabhtaíochta agus ina Stiúrthóir Taighde ag Ollscoil na Bainríona, Béal Feirste, roimh seo, tá €7 milliún faighte aige i maoiniú iomaíoch taighde.

Ag Tacú le Comhionannas agus Éagsúlacht Níos Mó

Tá sé mar aidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann dul i ngleic leis an éagsúlacht agus leis an éagothroime inscne in STEM. Chun na críche sin, tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann le tionscnamh Athena SWAN atá

formhuinthe ag Comhlachtaí Taighde Éireannacha. Mar chuid de phróisis chinnteoireachta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tugtar eolas do shaineolaithe ábhar a ghlacann páirt in athbhreithnithe cianda nó painéil maidir le claonadh neamh-chomhfhiosach, rud a chinntíonn go molfar gach iarratasóir a meastar iad a bheith sármhaith agus go bhfuil tionchar acu le haghaidh maoiniú.

- ➔ Léirítear leis an anailís is déanaí a rinneadh ar shealbhoirí dámhachtainí gur mná iad 26% díobh – Is é 30% sprioc Fhondúireacht Eolaíochta Éireann
- ➔ D’fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Deais Inscne ina soláthraítear anailís ar an bpróiseas athbhreithnithe idir 2011 agus 2018
- ➔ Cuimsítear i gClár um Dheontais Taighde Imscrúdaitheoirí Tosaigh FEÉ tionscnamh inscne ina ndreasáitear na Comhlachtaí Taighde chun iarrthóirí ban den scoth a ainmniú trí sheisear (as suas le 12) iarrthóirí fear ar a mhéad a cheadú sa ghairm ar mhaoiniú
- ➔ Ba mhná iad 37% de na baill foirne a fuair dámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in 2018
- ➔ Lainseáladh gairm Chlár um Oiliúint Taighde Ionaid Taighde FEÉ in 2018. Éilíodh leis ar iarratasóirí spriocanna inscne a chur isteach le haghaidh leibhéil éagsúla dá bhfoirne taighde

Le grúpa ionadaíoch tionscnamh cinnteofar go ndéanfar taighdeoirí a leabú i dtimpeallacht ina gcuirtear comhionannas inscne chun cinn a bheidh tacaíthe ag rólchuspáí agus meantóirí iomchuí.

Féach tuilleadh ag <http://www.sfi.ie/funding/sfi-policies-and-guidance/gender/>.



Oideachais agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Mar gheall ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht agus ar fhionnachtain eolaíochta, tá an domhan ina bhfuilimid beo ag athrú i gcónaí. Beidh gá le cruthaitheacht, tallann agus an cumas a bheith nuálach agus an eolaíocht a thuiscint lena chinntiú go mbeidh saoránaigh ábalta páirt a ghlacadh go hiomlán inár sochaí agus inár ngeilleagar, anois agus amach anseo. Is é aidhm uileghabhálach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar fud na hoibre ar fad lena dtacaíonn sí, cur le feabhas ar dhul chun cinn na sochaí agus pobal rannpháirteach agus eolasach a chothú a mbeidh meas acu ar an taighde. Le clár oideachais agus rannpháirtíochta poiblí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Fionn FEÉ, tugtar cumhacht do dhaoine iniúchadh a dhéanamh, a bheith nuálach agus comhoibriú le haghaidh todhchaí níos fearr. Dá réir sin, cinnteoidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann go mbeidh Éire ina ceannaire ar an nuálaíocht, agus beidh todhchaí STEM ábalta an aimsire a sheasamh dá réir sin.

Tháinig méadú 20% ar oideachas agus rannpháirtíocht poiblí taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann le 1,830 gníomhaíocht.

Rinneadh
€3.59
milliún
a infheistiú in 41
tionscadal STEM trí
Ghairm bliantúil Chlár
Fionn FEÉ

Fuair **641**
bunscoile
Dámhachtain Fionn
Eolaíocht agus
Matamaitic na Bunscoile
FEÉ

An Oifig Eorpach um
Acmhainní Oideachais
Spástaistil (ESERO) DPSM
Sholáthair Éire forbairt
ghairmiúil leanúnach
do 3,032 múinteoir
bunscoile in

273 scoil

Léirigh comhpháirtíocht
Fhondúireacht
Eolaíochta Éireann -
RTÉ clár faisnéise agus
seónna teilifíse amhail
Big Week on the Farm
agus My Broken Brain,
agus shroich siad thart ar
dhá mhilliún
breathnóir in Éirinn.



#StopAndAsk

Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann an clár náisiúnta do Sheachtain na hEolaíochta a bhainistiú agus a chomhordú.

- ➔ 1,400 imeacht agus **12** fhéile eolaíochta réigiúnacha
- ➔ Feachtas na meán sóisialta #StopAndAsk
- ➔ **200+** seó bóthair, ceardlann agus taispeántais ar fud 24 contae

EVIDENCE MATTERS



Insíonn sé déag grúpa saoránach agus pobail do TDanna an fáth a bhfuil fianaise tábhachtach

Le linn Sheachtain na hEolaíochta 2018, chuir an tAire John Halligan TD, fáilte roimh 16 duine ó gach cearn d'Éirinn lena chur i láthair TDanna, Airí agus Oifigeach i dTeach Laighean an fáth a bhfuil fianaise tábhachtach don phobal, agus an tábhacht a bhaineann léi chun bonn eolais a thabhairt do chinnteoirí an rialtais maidir le topaicí amhail tithíocht, sláinte agus an comhshaol.



SPOTSOLAS AR OIDEACHAS STEM

Clár Cónaithe Múinteoirí de chuid CÚRAM

Tá ‘Clár Múinteoirí Cónaithe’ á reáchtáil ag CÚRAM, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun múinteoirí bunscoile agus meánscoile a thabhairt le chéile i bhfóram amháin.


Is é an sprioc muinín múinteoirí a spreagadh agus a chothú ina n-ábaltacht eolaíocht a theagasc sa seomra ranga, ag baint úsáid as modhanna níos éifeachtúla agus níos mealltaí do mhic léinn agus ag cuimsiú samplaí de thaighde ceannródaíoch reatha Éireannach.

Tacaítear leis sin trí fhorbairt pleananna agus gníomhaíochtaí ceachta um theicneolaíocht leighis ag múinteoirí do mhúinteoirí, agus is féidir iad a chur chun feidhme go héasca sa seomra ranga agus tá baint acu le curaclam scoile na hÉireann.

Rinne na múinteoirí agus taighdeoirí CÚRAM deich bhfoireann plean ceachta a chomhchruthú sna réimsí um bithábhair, an córas cardashoithíoch, an inchinn agus an néarchóras, an córas matánchnámharlaigh agus gaschealla/cógais athghiniúnacha. Tá siad ar fáil go héasca ar líne ar shuíomh gréasáin CÚRAM.

Chuir 32 múinteoir (15 mhúinteoir bunscoile, 17 múinteoir meánscoile) modúl i gcrích agus cuireadh oiliúint ar 167 múinteoir eile trí cheardlann níos gairide d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Le linn na cónaitheachta, oibríonn na múinteoirí go díreach le taighdeoirí den chéad scoth, agus téann siad ar thurais phríobháideacha ar shaotharlann CÚRAM agus freastalaíonn siad ar cheardlanna idirghníomhacha, chun foghlaim faoi thaighde ar fheistí leighis agus faoin tionchar atá aige ar an gcúram sláinte in Éirinn agus ar fud an domhain. Tugtar tús áite do mhúinteoirí a oibríonn i scoileanna i gceantair faoi ghannionadaíocht, mar a shainnítear faoi Chomhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Oideachais.




Comhoibríonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun feachtas gairmeacha STEM a chur chun cinn

Lainseáil Clár maidir le Feasacht Gairmeacha STEM de chuid ‘Smart Futures’ FEÉ feachtas náisiúnta #IGetPaidToDoThis i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus comhpháirtithe an tionscail chun éagsúlacht rólchuspáí agus conairí gairme in STEM a chur chun cinn.

Tháinig méadú 52% ar úsáideoirí shuíomh gréasáin Smart Futures.ie i ndiaidh lainseáil an fheachtais lasmuigh.

Múinteoirí ag tabhairt cuairt ar Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis, CÚRAM, i nGaillimh.



Lorg Domhanda

Tá comhoibriú agus comhpháirtíocht idirnáisiúnta idir an lucht tionscail, maoinitheoirí agus acadóirí ina gcuid lárnach de thaighde agus nuálaíocht den scoth. Tá comhoibriú idirnáisiúnta suimiúil le cuideachtaí nuálacha domhanda, ollscoileanna ar leibhéal domhanda agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta maoiniúcháin cothaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá leas á bhaint ag na comhpháirtíochtaí sin as eolas luachmhar agus malartú foghlama tábhachtach.

Comhoibrithe Idirnáisiúnta

Tá rochtain dhomhanda fhairsing ag comhoibriú idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: An Eoraip (65%), Meiriceá Thuaidh (19%), an Áise (9%), an Astráil agus an Aigéine (4%), Meiriceá Thuaidh (2%) agus an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh, agus an Araib Mhór (1%).



3,797 comhoibriú acadúil-acadúil tuairiscithe ag taighdeoirí FEÉ (méadú 11%), agus os cionn 70% díobh sin le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

Bhí **51%** den chomhoibriú neamhadúil le comhpháirtithe lasmuigh d'Éirinn – 12% díobh leis na Stáit Aontaithe, 9% díobh leis an Ríocht Aontaithe agus 30% díobh le tíortha eile.


Comhpháirtíochtaí leis an Ríocht Aontaithe agus BREXIT

Tá réimse leathan sásraí maoiniúcháin ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá ceaptha chun tacú le comhoibriú taighde idir an Ríocht Aontaithe agus Éire. In 2018, lainseáladh an chomhinfheistíocht idir an Ríocht Aontaithe agus Éire de €39 milliún faoi

Chlár Ionaid FEÉ-EPSC le haghaidh Oiliúint Dochtúireachta, agus le cláir eile FEÉ éascaíodh comhpháirtíocht leis an Ríocht Aontaithe amhail dámhachtainí Ionaid Taighde agus Spokes FEÉ agus Ionaid Taighde FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde, Dámhachtainí Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ agus Dámhachtainí Comhaltachta Tionscail FEÉ. Tacaíonn cinn eile, amhail Clár Ceannairí Taighde Amach Anseo Uachtarán na hÉireann de chuid FEÉ agus Clár Ollúnachta Taighde FEÉ le comhcheapacháin chomh maith.



In 2018, rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn Fóram tionscnaimh Maoinitheoirí Taighde RA-Éire a comhóstáil chun oibriú le maoinitheoirí reachtúil ón Ríocht Aontaithe. Sa phictiúr (c-d): An Dr Michael Ryan, Ceann (FEÉ) Idirnáisiúnta, Peter Brown, Stiúrthóir na Comhairle um Thaighde in Éirinn, an tOllamh Jane Ohlmeyer, Cathaoirleach na Comhairle um Thaighde in Éirinn, Robin Barnett, Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann, agus an tOllamh Andrew Thompson, Cathaoirleach Feidhmiúcháin, an Chomhairle um Thaighde na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, an Ríocht Aontaithe. Grianghraf le Mark Stedman.



Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta 2018 de réir na Tíre

An Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	490	An Fhionlainn	25	Macao	4	An Araib Shádach	2
Stáit Aontaithe Mheiriceá	454	An Phortaingéil	25	An Eastóin	4	An Ailgéir	2
An Ghearmáin	242	An Nua-Shéalainn	21	An Téalainn	4	An Airméin	1
An Fhrainc	155	An tSeapáin	20	An Téaváin, Cúige de chuid na Síne	4	Meicsiceo	1
An Iodáil	149	Cónaidhm na Rúise	17	An Airgintín	4	An Bhoisnia agus An Heirseagaivéin	1
An Spáinn	140	An Iorua	16	An tSeirbia	4	An Bhulgáir	1
An Ísiltír	99	An Ungáir	15	Na Stáit Aontaithe Oileáin Bheaga Fhorimeallacha	4	An Éigipt	1
Tuaisceart Éireann	93	An Ghréig	14	An Chasacstáin	4	Vítneam	1
An tSín	89	Iosrael	13	An tSlóivéin	4	An Túinéis	1
An Astráil	73	Lucsamburg	11	An Cholóim	3	An Phacastáin	1
Ceanada	67	Singepór	9	An Chipir	3	Oileán Mhuiris	1
An tSualainn	66	An tSile	7	Hong Cong	3	An Chróit	1
An Danmhairg	60	An tSlóvaic	8	An Íoslainn	2	An Mhongóil	1
An Bheilg	49	An tSile	7	Málta	2	An Liobáin	1
An Eilvéis	47	An tSile	7	Aontas na nÉimíriochtaí Arabacha	2	An Bhanglaidéis	1
An Ostair	31	An tSile	7	Srí Lanca	2	Buircíne Fasó	1
An Bhrasáil	31	An tSile	7	Fidsí	2	Cuáit	1
An Pholainn	29	An tSile	7	An Laitvia	2	Iomlán	2,715
An India	28	An tSile	7				




Lainseálann Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Chéad Phost Thar Lear

In 2018, chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann tús lena céad phost thar lear i SAM chun deiseanna comhoibrithe taighde a shainaithint agus a éascú lena chur ar chumas taighdeoirí Éireannacha teagmháil níos fearr a bheith acu le tionscal, fondúireacht dhaonchairdiúil agus saol acadúil SAM agus comhpháirtithe idirnáisiúnta ag a bhfuil tionchar a fhorbairt.

Clár SAM-Éire de chuid FEÉ

Tionscnamh uathúil is ea an Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha idir SAM agus Éire lena bhfuil gníomhaireachtaí maoiniúcháin ar fud trí dhlíne bainteach: Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann (TÉ). Faoi Chlár Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-Éire, tá sásra ‘togra aonair, athbhreithnithe aonair’ éascaithe ag an bhFondúireacht Náisiúnta Eolaíochta agus na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte a ghlacann aighneachtaí ó fhoirne thrídhlíne (SAM, TÉ agus Poblacht na hÉireann) ar líon dá gcláir mhaoiniúcháin reatha. In 2018, rinneadh cúig dhámhachtain faoi Chlár Chomhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-Éire de chuid FEÉ le hinfheistíocht dar luach €2.8 milliún.



€75 milliún infheistithe ar fud 45 comhpháirtíocht rathúil (sé lonad go hlonad) go dtí seo

454 comhoibriú acadúil le SAM

Tacaíodh le **290+** mac léinn MSc and PhD agus taighdeoir iardhochtúireachta

259 comhoibriú le comhpháirtíocht Tionscail amhail Abbvie, Intel, Pfizer, Johnson and Johnson, Microsoft agus Nokia Bell Labs.

Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ



In 2018, bronnadh Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ ar an Ollamh Margaret Murnane, eolaí léasair suntasach agus Ollamh na Fisice ag University of Colorado; agus ar David McCourt, Bunaitheoir agus POF Granahan McCourt Capital, as a gcion suntasach leis an saol acadúil, an tionscal agus taighde. Aithnítear leis an mbonn bliantúil eolaithe, innealtóirí nó ceannairí teicneolaíochta oirce Éireannacha atá ina gcónaí agus ag obair i SAM.



SPOTSOLAS AR AN ROCHTAIN DHOMHANTA

Comhpháirtíocht FEÉ-NSFC

D'fhógair an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney TD, agus an tAire Stáit le Freagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen TD, ocht gcomhoibriú úra taighde a forbraíodh faoi chlár comhpháirtíochta déthaobhaí idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Nádúrtha na Síne (NSFC).

Leis na tionscadail, a reáchtálfar ar feadh ceithre bliana, tacófar le níos mó ná 30 taighdeoir i réimse lena mbaineann tábhacht straitéiseach do Dhaonphoblacht na Síne agus d'Éirinn.

Léiríonn an Clár comhinfeistíocht a rinne rialtas na hÉireann trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann dar luach €8.6 milliún agus ¥31,920,000 (ca. €4,273,000) ón NSFC. Tá rannpháirtíocht na hÉireann leis an tSín ag dul ó neart go neart le blianta beaga anuas, agus tá an tSín ar an gcomhpháirtí trádála is mó de chuid na hÉireann san Áise anois. Tá comhoibriú agus comhpháirtíocht i TF&N ríthábhachtach maidir leis an gcaidreamh seo a mhéadú.

Sa phictiúr (c-d): An tAire Pat Breen TD, an Dr Ciarán Seoighe (SFI), an Tánaiste Simon Coveney TD, le Hua Yang, Uasal, Charge d'Affaires, Ambasáid Dhaonphoblacht na Síne).

Comhlánaíonn béim na Síne ar chórais ardteicneolaíochta, go háirithe teicneolaíocht ghlas, tosaíocht taighde na hÉireann go mór agus baineann sí leas as cáil láidir idirnáisiúnta na hÉireann mar thír oscailte agus rannpháirteach


le haghaidh taighde agus forbartha; Díreáir sna tionscadail taighde a roghnaíodh ar na réimsí um chumarsáid gan sreang agus optúil, intleacht shaorga, micrileictreonaic agus nanaillectreonaic, an t-athrú aeráide, fuinneamh glas, agus nana-ábhair d'fheidhmeanna bithleighis. Comhoibreoidh ceithre institiúid acadúla in Éirinn le sé institiúid ar fud Dhaonphoblacht na Síne chun an obair sin a dhéanamh. Tacaíonn an Clár le tacaíocht eolaíoch comhoibriúch den scoth lena bhfuil tionchar féideartha eacnamaíoch agus

sochaíoch agus lena bhforbraítear acmhainn, saineolas agus caidreamh comhleasa idir taighdeoirí bunaithe in Éirinn agus bunaithe sa tSín, a chuirfidh leis na eolaíoch dhomhanda agus leis an bhforbairt eacnamaíoch sa dá thír.




Comhdhálacha agus Ceardlanna

D'eagraigh sealbhóirí dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 592 comhdháil, ceardlann agus seimineár náisiúnta agus 334 comhdháil, ceardlann agus seimineár idirnáisiúnta in 2018, méadú 16% ar 2017.



Iomaíochas a Chur chun Cinn



Trí rannpháirtíocht láidir an Tionscail-acadúil, tá athrú dearfach ó bhonn á dhéanamh ag taighde arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar; ag saothrú éiceachóras taighde éagsúil lena gcothaítear nuálaíocht agus malartú eolais, lena bhféachtar go seasfaidh scileanna STEM an aimsir agus lena gcruthaítear poist ardluacha. Ag cuimsiú réigiúin na hÉireann, leis an ngníomhaíocht sin tacaítear le FBManna ardfháis agus mealltar infheistíocht dhíreach eachtrach trí chuideachtaí móra ilnáisiúnta.



Comhoibriú Neamhadúil

1,927 comhoibriú agus 1,224 eagraíocht ar leith (inchurtha i leith dhámhachtainí FEÉ)

Comhoibriú tionscail is ea **1,715** ceann díobh, 1003 le CINanna agus 712 le FBManna

Eolaíocht agus Tráchtálú

Sheachaid taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann:

12 mhac-chuideachta

5 ghnólacht nuathionscanta

51 paitinn

53 teicneolaíocht ceadúnaithe

174 nochtadh airge

5 chaighdeán

Duais €1 mhilliún do Nuálaí Amach Anseo FEÉ chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shoचाíocha

I mí Mheán Fómhair 2018, lainseáladh comórtas úr bunaithe ar dhúshláin, Duais Nuálaí Amach Anseo FEÉ, chun smaointeoirí neamhghnácha agus nuálaithe is fearr agus is cliste na hÉireann a dhreasú, trí chomhoibriú agus teacht le chéile eolais i bhfoirne ildisciplíneacha; chun teicneolaíochtaí núíosacha, agus a d'fhéadfadh a bheith suaiteach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna suntasacha sochaíocha lena mbaineann tábhacht straitéiseach d'Éirinn.

Rinneadh 12 dhámhachtain in 2018 faoi nGairm seo lena raibh ciste duaise €3.1 milliún, ón Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta don tionscadal buaiteach.

Dámhachtainí um Fhorbairt na Nuálaíochta Teicneolaíochta (TIDA) FEÉ

D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann infheistíocht €4.5 milliún i maoiniú le haghaidh 38 tionscadal taighde chun tacú le tráchtálú taighde arna mhaoiniú ag an rialtas, trí Chlár TIDA FEÉ. Cuirtear ar chumas taighdeoirí leis díriú ar chéimeanna tosaigh tionscadail taighde fheidhmithe a bhféadfadh tairbhe tráchtála a bheith ag baint leis dá ndéanfaí é a fhorbairt tuilleadh.



Tá faighteoir TIDA, an Dr Lynne O'Shea (UCD) ag forbairt tástáil tráchtála neamhionrach chun feabhas a chur ar rátaí ratha toirchis agus teicneolaíochtaí cuidithe atáirgthe á n-úsáid.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus Comhoibriú Straitéiseach

Rinneadh dámhachtain amháin faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ in 2018, le hinfheistíocht €1.6 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus comhinfeistíocht airgid thirim €1.2 milliún ón tionscal. Ag deireadh 2018, bhí 20 Comhpháirtíocht Straitéiseach charnach leis an tionscal dáfa ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lena n-áirítear naoi nduais Pfizer, agus ranníocaíocht iomlán os cionn €25 milliún ón tionscal.

Comhaltacht Tionscail FEÉ

In 2018, lainseáil an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys TD, an ghairm ar Chlár maidir le Comhaltacht Tionscail FEÉ, lena gcuireadh rochtain ar fáil do na comhpháirtithe tionscail ar thaighdeoirí nuálacha agus ar theicneolaíocht cheannródaíocht in institiúidí acadúla na hÉireann. Cruthaíodh os cionn 149 comhpháirtíocht tionscail go dtí seo le cuideachtaí amhail Analog Devices agus Pilot Photonics. Rinneadh 50% de na dámhachtainí le comhpháirtithe FBM. Tá réimse topaicí sna tionscadail amhail fuinneamh in-athnuaite, taighde ar ailse, agus braiteoirí comhshaoil. Rinneadh 21 dámhachtain le hinfheistíocht dar luach €1.8 milliún in 2018.



Tacú le Forbairt Réigiúnach agus Tuaithe

Lainseáil an tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe TD, an comhoibriú taighde FINTECHNEXT faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ. Comhoibriú taighde um theicneolaíocht airgeadais (fintech) dar luach €3 mhilliún idir an chuideachta teicneolaíochta Fexco (a bhfuil a ceanncheathrú i gCill Orglán, Co. Chiarraí), an Coláiste Ollscoile, Corcaigh agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), gnóthóidh sé eolas agus saineolas ríthábhachtach chomh maith a sholáthróidh taighdeoirí ag Scoil Ghó Ollscoil Chorcaí laistigh den Choláiste Ollscoile, Corcaigh. Oibreoidh 12



thaighdeoir nuacheaptha chun cur isteach ar thrí phríomh-cheartingear fintech: Stáchtiste agus FX, Cánachas Digiteach, agus Riarachán Sócmhainní Corparáideacha. Leis an tionscadal neartaítear Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Forbairt Tuaithe rí fhás eacnamaíoch agus cruthú post ardoilte agus reáchtálfar é ar feadh ceithre bliana.

Sa phictiúr (c-d): An Dr Ciarán Seoighe, Leas-Ardstiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe TD, an tUasal Denis McCarthy, Príomhfheidhmeannach, Fexco, agus an tOllamh John O'Halloran, Leas-Uachtarán, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh. Grianghraf le Valerie O'Sullivan.

Luach ar Airgead a Ghiniúint, FEÉ

Cáilíocht an bhairr fheabhais eolaíochta, ábharthacht agus cáilíocht an taighde á léiriú:

- Bhuaigh taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann €230 milliún ar bhonn iomaíoch ó roinnt fhoinsí éagsúla (**méadú 31%**)
- Fuair taighdeoirí arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann €97.6 milliún i maoiniú ó fhoinsí AE (**méadú 40%**)

Fáltas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar infheistíocht agus luach ar airgead á léiriú:

- Tháinig méadú go 2.5:1 ar mhaoiniú ó státchiste neamh-Éireannach go státchiste Éireannach, ó 1.9.1 in 2017
- Is é 1:1.7 cóimheas an mhaoinithe náisiúnta go maoiniú idirnáisiúnta, méadú ó 1:1.3
- B'ionann maoiniú ó fiontraíocht phríobháideach agus €46 milliún (**méadú 43%**)

**Tharraing
Ionaid Taighde
FEÉ thart ar
€136.2
milliún
as i maoiniú
carnach Fís 2020**

Maoiniú Seachtrach a Fuarthas le haghaidh Taighdeoirí arna Maoiniú ag FEÉ in 2018

	Maoiniú Iomlán a Fuair PI (€)
Fiontraíocht Phríobháideach	45,847,263
An tAontas Eorpach	97,601,035
Wellcome Trust	4,662,369
An Bord Árachais Sláinte	5,286,532
Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM	1,131,934
Leas Idirnáisiúnta Eile Eagraíocht	3,708,892
Rialtas Idirnáisiúnta Eile Foinsé	2,946,101
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Idirnáisiúnta)	1,590,125
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	5,133,963
Fiontraíocht Éireann – Dámhachtainí Tráchtálaithe agus Neamhthráchtálaithe	30,594,742
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	11,288,699
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	5,015,428
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	2,591,942
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	974,993
Foras na Mara	418,850
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Éire	321,276
Teagasc	282,000
Foinsé Eile Rialtas na hÉireann	5,118,567
Foinsé Eile	5,615,122
Iomlán	230,129,833

Ionaid Taighde FEÉ

Is ionann líonra Ionaid Taighde FEÉ agus €434 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ceangaltas tionscail de €235 milliún.

Nascann Ionaid Taighde FEÉ eolaithe agus innealtóirí i gcomhpháirtíochtaí ar fud 850 comhlacht taighde ar fud an domhain, lena n-áirítear ocht n-ollscoil Éireannacha agus seacht nInstitiúid Teicneolaíochta Éireannacha.

Shínigh na hIonaid comhaontuithe taighde chomhoibríoch le 730 cuideachta ar fud na domhain (197 in Éirinn) agus meallann siad taighde lena gcuirtear méid tábhachtach le geilleagar na hÉireann, agus lena méadaítear deiseanna oideachais agus gairme STEM.




I dtuarascáil tionchar eacnamaíoch ar Ionad Taighde FEÉ, AMBER le haghaidh Ardábhar, faoi stiúir Ollscoil na Tríonóide, BÁC, fuarthas, maidir le hinfheistíocht Stáit €108 milliún, gur gineadh **€505 milliún** in olltáirgeacht náisiúnta

Le haghaidh gach €1 arna infheistiú ag gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus comhpháirtithe tionscail in Lero, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Bogearraí, déantar €5.25 a ghairáil ar ais i ngeilleagar na hÉireann. Ó 2005-2018, ranníodadh **€515 milliún as**

Fuarthas i dtuarascáil 'Tionchar 15 bliana' go gcuideann Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, le €1.2 milliún a ghiniúint do gheilleagar na hÉireann **gach seachtain** lena n-áirítear caiteachas agus tionchar cánachais.

Go dtí seo, rinne Ionaid Taighde FEÉ an méid seo a leanas:



Fuair siad **€196 milliún** i maoiniú neamhthráchtála nach ón státchiste é agus 18 ndámhachtain Spoke

182 comhaontú um cheadúnú + **27** mac-chuideachta + **324** Dámhachtain Tráchtálaithe de chuid Fiontraíocht Éireann

Comhcheangail siad torthaí PTF le haghaidh Ionaid Taighde FEÉ i gcoinne a spriocanna óna dtionscnamh go deireadh 2018:

Aschuir Ionaid Taighde FEÉ	Carnach go dtí NOLL-2018		
	Sprioc	Toradh	Feidhmíocht i gcoinne sprice
Foilseacháin irisí	4,090	7,144	175%
Foilseacháin comhdhálacha	3,306	4,212	127%
Céimithe MSc/MEng	163	118	72%
Céimithe PhD	484	854	176%
% Imeacht oiliúnaithe agus an tionscal mar a gcéad cheann scríbe	28%	33%	118%
Rannpháirtíocht i mórthionscnaimh AE	285	336	118%
Comhordú i mórthionscnaimh AE	88	84	95%
Dámhachtainí ERC a deonaíodh	29	26	90%
Maoiniú ó fhoinsí nach ón státchiste iad, ó fhoinsí neamhthráchtála	€196,726,732	€195,865,387	100%
Airgead tirim sa bhanc (íos-sprioc)	€35,042,853	€61,040,554	174%
% Sciar costais an tionscail (airgead tirim)	9%	17%	184%
% Sciar costais an tionscail (iomlán)	29%	43%	147%
Dámhachtainí Tráchtálaithe EI	193	324	168%
Comhaontuithe um cheadúnais	145	182	126%
Mac-chuideachta cruthaithe	31	27	89%

Féachann Ionad Taighde FEÉ do Thodhchaí Déiríochta Cliste



Lainseáladh Ionad Taighde FEÉ VistaMilk in 2018, arna chómhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, faoi stiúir Teagasc. Díreann a thaighde ar úsáid a bhaint as sonraí líonraithe, braiteoirí agus meaisínfhoghlaim chun feabhas a chur ar chruinneas na dtuartha maidir le fás féir trí shonraí stairiúla agus fíor-ama maidir le fás féir agus sonraí meitéareolaíoch a nascadh.



SPOTSOLAS AR MHÁITHREACHA AGUS AR LEANAÍ

Microbe Mom - Na próibhithigh is fearr agus is féidir a fháil do mhná atá ag iompar clainne agus do leanaí níos sláintiúla

I mí Dheireadh Fómhair 2018, lainseáil an tAire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, Michael Creed TD, comhinfeistíocht taighde de €3.4 milliún trí Chlár Spokes FEÉ ar a dtugtar Microbe Mom, chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte do mháithreacha agus do leanaí le linn toirchis.


Comhoibriú ceithre bhealach is ea an tionscadal taighde theiripigh seo idir Alimentary Health Group, cuideachta nuálach Éireannach um chúram sláinte a bhfuil ceannródaíocht á déanamh acu i bhfionnachtain agus i bhforbairt táirgí dílsithe bunaithe ar mhicribhithíom, Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, Teagasc agus an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, Ionad Taighde Imbhreithe COBÁC, an Scoil Leighis, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint na Biteicneolaíochta (NIBRT).

Tá imscrúdú á dhéanamh sa chomhoibriú tionscail-acadúil ar thionchar aiste bia agus shláinte na máthar ar a baictéir putóg agus cad iad na baictéir a aistríonn sí chuig a leanbh ag am na breithe, chomh maith leis an tionchar ar fhorbairt próibhithigh faoi leith ar shláinte na máthar, agus na bealaí ar dócha go n-aistreofar tréithchineálacha bifidobaictéar ón máthair go dtí an leanbh. Cé go ndeachthas i ngleic i mórán taighde go dtí seo le tionchar an chomhshaoil ar na micribithraí (micróib a fhaightear go príomha tríd an máthair), díreoidh an clár Microbe Mom ar aistriú tréithchineálacha sonracha baictéar ón máthair go dtí an leanbh, agus go háirithe, na tréithchineálacha bifidobaictéir.



Sa phictiúr: An Dr Sally Cudmore, Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh; an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, agus an Dr Paul Cotter, Teagasc, APC Microbiome Ireland.

Tionscnaimh Bheartais



Ionracas Taighde

- Tá sraith treoir-athbhreithnithe foinse sonraí curtha i gcrích ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar chuid dá próisis bainistíochta dámhachtainí. Rinneadh painéal ábhar iniúchadh ar chúltra bunachair shonraí agus phléigh sé na nósanna imeachta agus an oiliúint a thacaíonn le dea-chleachtas taighde, le linn athbhreithniú sceidealaithe ar dhul chun cinn. Leis an bpróiseas sin ón mbun aníos cuidítear leis na caighdeáin is airde ionracais a chinntiú i ngach gné den taighde a mhaoiníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Déanfar an próiseas sin a phríomhshruthú i nósanna imeachta bainistíochta dámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le linn 2019.
- Tá athbhreithnithe foinse sonraí á gcomhlánú le cur chuige ón mbun aníos trína ndéanann comhairleoirí neamhspleácha athbhreithniú ar na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag institiúidí atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndáil le hIonracas Taighde agus Eitic Taighde. Rinneadh an ‘Nós Imeachta Comhaontaithe’ sin a phiolótú le linn 2018 le tacaíocht ó dhá Institiúid Ardoideachais na hÉireann.
- Mar aon le baill eile den bhFóram ar Ionracas Taighde Náisiúnta, thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann urraíocht i leith clár oiliúna trí bliana um Ionracas Taighde Náisiúnta arna sholáthar ag Epigeum. Cuideoidh an tionscnamh sin lena chinntiú go bhfuil taighdeoirí Éireannacha oilte ar ardchaighdeáin um ionracas agus um eitic taighde.

Eolaíocht Oscailte


Aithníonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go ndéantar taighde sochaíoch agus eacnamaíoch an taighde a uasmhéadú nuair is féidir le gach duine aschuir taighde a rochtain. Le linn 2018, chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta maoiniúcháin eile le tacú le Plean S⁵, céim i dtreo bogadh go rochtain oscailte iomlán agus láithreach. Inár n-anailís is déanaí taispeántar go raibh rochtain oscailte ar 45% de na hailt bhunaidh agus de na hailt athbhreithnithe arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann a foilsíodh in 2018, rud a léiríonn feabhas ar bhlianta roimhe seo.

Aontaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann gur cheart do shonraí taighde a bheith Inaimsithe, Inrochtana, Comh-inoibritheach agus In-athúsáide (FAIR⁶). Tá bainistíocht sonraí agus comhroinnt sonraí chuí bunúsach do gach céim den phróiseas taighde agus tacaíonn siad le taighde ardchaighdeáin, in-atháirgthe. Dá réir sin, in 2018 d’iarr Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar iarratasóirí ar ghairm Chéim II Ionaid Taighde FEÉ Pleananna Bainistíochta Sonraí a chur isteach ina ndéantar cur síos ar na nósanna imeachta maidir le bailiú, stóráil, comhroinnt agus caomhnú sonraí.



5 <https://www.coalition-s.org/>

6 An Coimisiún Eorpach (2018) FAIR a Réadú: Tuarascáil Deiridh agus Plean Gníomhaíochta ó Shainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh ar Shonraí FAIR. Lucsamburg: Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh. <https://doi.org/10.2777/1524>



Ráiteas Rialachais agus
Tuarascáil na gComhaltaí
Boird, Struchtúr na
hEagraíochta agus Fógraí
Reachtúla

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird, Struchtúr na hEagraíochta agus Fógraí Reachtúla

Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann*



Bernie Cullinan, Uasal

Leaschathaoirleach Gníomhach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann,
POF Pragma Advisory

Is í Bernie Cullinan, Uasal POF Pragma Advisory, cuideachta a sholáthraíonn seirbhísí agus réitigh chomhairleacha straitéiseacha do chuideachtaí san earnáil FBM i raon leathan réimsí. Tá Bernie ina Cathaoirleach chomh maith ar Crest Solutions Ltd., Crest Solutions (T.S) UK Ltd., Print Inspector Ltd., the Pharmaceutical Training Academy Ltd. agus is í an Cathaoirleach ar Lafferty Architects and Project Management. Tá Bernie ina ball de Bhord Benefacts Ltd.,

cuideachta sheachbhrabúsach agus de Bhord Iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí poist aici ar leibhéal C i roinnt cuideachtaí teicneolaíochta na hÉireann agus tá sí fós gníomhach san earnáil sin. Bhí príomhról aici maidir le fás agus luach scairshealbhoirí a spreagadh i SAM, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus is iar-Chathaoirleach í ar Chumann Bogearraí na hÉireann. Tá BComm ag Bernie ó COBÁC, MBA ó COBÁC agus is Comhalta í d’Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA).



An tOllamh Mark W.J. Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an
Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann

Is é an tOllamh Mark Ferguson Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann. D’fhóin sé le déanaí ar Ghrúpa Ardleibhéal AE ar thionchar H2020 agus bhí sé ina chathaoirleach ar choistí idirnáisiúnta a rinne athbhreithniú ar chórais Taighde agus Nuálaíochta na Danmhairge, na hUngáire agus Cheanada. Ina Ollamh agus ina Dhéan ar na hEolaíochtaí Bitheolaíochá roimhe seo ag Ollscoil Mhanchain, ba chomhbhunaitheoir agus POF é ar Renovo Group Plc. Fuair tOllamh Ferguson a lán duaiseanna agus dámhachtainí um thaighde idirnáisiúnta, lena n-áirítear Duais Eolaíochta na hEorpa 2002.

(i gcomhar), údar ar 329 páipéar agus caibidil leabhair, 61 teaghlach paitinne, údar/eagarthóir ocht leabhar, rinne sé maoirseacht ar 77 mac léinn PhD agus dámhadh os cion £70 milliún dó i ndeontais taighde iomaíochá agus thart ar £100 milliún i maoiniú cothromais gnólachtaí nuathionscanta. Bhain an tOllamh Ferguson a chéim amach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le céimeanna san Fhiaclóireacht (BDS 1ú onóracha), Anatamaíocht agus Sutteolaíocht (BSc 1ú onóracha),

PhD agus na hEolaíochtaí Leighis (DMedSc), agus tá Comhaltacht aige ó Choláistí Ríoga na Máinleá in Éirinn (FFD) agus Dhún Éideann (FDS) agus is Comhchomhalta é ar UK Academy of Medical Sciences (FMedSci). Tá sé ina bhall nó ina Chomhalta de líon Cumann léannta agus rinne an Bhanríon “Ceannasaí Impireacht na Breataine” (CBE) de in 1999 le haghaidh seirbhísí d’Eolaíochtaí na Sláinte agus na Beatha.

* Amhail Bealtaine 2019



An tUasal Aidan W. Donnelly

Bainisteoir Gníomhach ar Advest Management Ltd.

Is é Aidan Donnelly an Bainisteoir Gníomhach ar Advest Management Ltd., cuideachta bainistíochta um chiste cothromais phríobháidigh. Lena chois sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar NORA, gníomhaireacht rialtais na hÉireann atá freagrach as Stoic Ola Nádúrtha na hÉireann agus tá leasanna aige i ngnólachtaí nuathionscanta foinsí in-athnuaite agus comhshaoil. Tá taithí fhairsing ag Aidan ar fhorbairt agus ar bhainistíocht cuideachtaí ilnáisiúnta a dhíríonn ar an teicneolaíocht in Éirinn amhail Xerox (an Eoraip) Ltd., Quantum Peripheral Products Ltd., Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Ltd.) agus le déanaí, ServeCentric Ltd. Ar feadh os cionn 12 bhliain, rinne Aidan seirbhís in arm na hÉireann, ina raibh sé ina Chaptaen ar Chór Ordanáis an Airm. Thuill sé M.B.A. (COG), M.I.E. (COBÁC) agus B.Sc. (COG) agus is Stiúrthóir Cairte é (C.Dir.) leis an IOD.



An Dr Pat Duane

Leas-Uachtarán agus Bainisteoir Ginearálta um Míochaine Idirghabhálach le Creganna Medical

Idirghabhálach le Creganna Medical, cuid de TE Connectivity. Agus é ina phríomh-shaineolaí ar an tionscal feistí leighis, d'oibrigh Pat laistigh den earnáil ar feadh níos mó ná 26 bliana. Tá Pat ina Bhainisteoir Ginearálta anois ar ghnólacht Míochaine Idirghabhálacha TE, ceannaire ar leibhéal domhanda ar dheardh agus ar sholáthar chórais seachadta íosionraigh. Roimh a ról mar LU agus BG um Míochaine Idirghabhálach in Creganna Medical, bhí Pat ina BG, Forbairt Chorparáideach agus níos déanaí ina BG, Oibríochtaí Domhanda. Le linn an ama sin, stiúir Pat comhtháthú Creganna Medical le TE Connectivity i ndiaidh a éadála in 2016. Roimh Creganna Medical, chaith Pat 12 bhliain le Medtronic agus naoi mbliana le CR Bard ina raibh líon ról bainistíochta sinsearaí aige i bhforbairt ghnó agus T&F. Tá Pat díograiseach faoi nuálaíocht agus tá sé ina cheapadóir ainmnithe ar os cinn 12 phaitinn arna n-eisiúint go hidirnáisiúnta. Tá Dochtúireacht ag Pat sa Ghnó ó Henley Management College, Londain agus is é a réimse suime comhtháthú iar-éadála fiontar beag go meánmhéid i gcorparáid ilnáisiúnta. Tá Máistreacht ag Pat chomh maith i nDearadh Innealtóireachta ó COBÁC agus BSc. san Fhisic Fheidhmithe ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



Máire Geoghegan-Quinn, Uasal

Iar-Choimisinéir maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Arna ceapadh mar chomhalta Bhord FEÉ i mí Aibreáin 2018, d'fhóin Máire Geoghegan-Quinn mar an Choimisinéir maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ó 2010-2014. Mar Choimisinéir bhunaigh sí an tionscnamh 'Aontas Nuálaíochta'; chuir sí an Réimse Eorpach um Thaighde chun cinn; agus sheachaid sí an chreatchlár taighde is mó riamh, Fís 2020, le méadú buiséid 30% (€80 billiún san iomlán le haghaidh taighde agus nuálaíochta). Bhí an fhreagracht pholaitiúil aici as dhá ard-stiúrthóireacht – an Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde. D'fhóin Máire roimhe sin mar TD de chuid Fhianna Fáil le haghaidh thoghcheantar Iarthar na Gaillimhe (1975–1997); agus bhí líon post aici mar Aire, lena n-áirítear: Aire na Gaeltachta (1979–1981), arbh í an chéad bhean a bhí ina hAire Rialtais ó bunaíodh Stát na hÉireann; an tAire Gnóthaí Eorpacha (1987–1991); agus an tAire Dlí agus Cirt (1993–1994). Tá Céim Dochtúra Dlíthe aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, céim Dochtúra Eolaíochta ó COBÁC (ar honoris causa an dá cheann); agus Légion d'honneur i measc bronnta eile. Tá sé ina Comhalta den Airmheán Eorpach Comhpháirteach Taighde (JCR) Líonra Alumni agus ina Comhalta Oinigh de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.



An tUasal Dermot Mulligan

Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá Dermot Mulligan ina Cheann ar Rannán Nuálaíochta agus Infheistíochta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tuairiscíonn sé d'Ard-Rúnaí na Roinne agus don Aire agus i measc a réimse freagrachta tá ceapadh agus cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le Nuálaíocht (lena n-áirítear Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Forbairt), Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus Trádáil an Tuaiscirt/Deiscirt. D'oibrigh sé cheana i réimse Ranna Rialtais lena n-áirítear na Ranna Sláinte, Airgeadais agus Oideachais agus Scileanna. Tá chéad chéim aige sa Dlí agus M.Sc. (Eacnamaíoch) i Staidéar Beartas ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC agus MBA ó Ollscoil Warwick.



An tOllamh Sir Tom Blundell

Stiúrthóir Taighde agus an tOllamh Emeritus sa Bhithcheimic, Ollscoile Cambridge

Bhí poist teagaisc agus taighde ag an Ollamh Tom Blundell roimhe seo in Ollscoileanna Londain, Sussex agus Oxford agus stiúir sé foireann taighde ghníomhach sa bhithcheimic struchtúrach agus ríomhaireachta sa Rannóg Bithcheimice in Ollscoil Cambrige. Chomhbhunaigh sé Astex Therapeutics in 1999, a díoladh ar \$886 milliún le Otsuka. Tá Tom fós ar an mBord agus tá druga d'ailse chíce ar an margadh aige ar fud an domhain agus tá ocht ndruga d'ailse chíce aige i dtrialacha cliniciúla. Bhí sé ina chomhalta de líon Bord agus de Bhoird Chomhairleacha Eolaíochta i gcuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta araon, lena n-áirítear SKB, Celltech agus UCB. Bhí roinnt ról ghramadacha ag Tom i gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear Cathaoirleach an Choimisiúin Ríoga um Thruailliú Comhshaoil agus Carthanais agus comhalta de ghrúpa comhairleach don Phríomh-Aire. Bhí sé ina POF bunaidh agus ina Chathaoirleach ar Chomhairle Taighde na Biteicneolaíochta agus nEolaíochtaí Bithcheimice. Rinneadh ridire de Tom Blundell in 1997 agus bhí sé ina chomhalta de roinnt acadamaí. Bronnadh a lán dámhachtainí, duaiseanna, bonn agus onóracha air dá chuid oibre taighde agus tá Dochtúireachtaí Onóracha aige ó 16 Ollscoil. Áirítear ar dhuaiséanna le déanaí Duais Ewald agus Gradam Idirnáisiúnta Shizhang Bei as Cur leis an mBithfhisic.



An tUasal Barry O'Sullivan

Stiúrthóir Bainistíochta, Comhpháirtithe Teicneolaíochta Palo Alto

Is é Barry O'Sullivan Stiúrthóir Bainistíochta Chomhpháirtithe Teicneolaíochta Palo Alto, gnóthas comhairleach teicneolaíochta agus infheistíochta. Tá sé ina Chomhairleoir Sinsearach chomh maith ag Permira LLC, gnóthas domhanda infheistíochta. Roimh a ról reatha, bhí Barry ina POF agus ina bhunaitheoir ar Altocloud, cuideachta bogearraí na hintleachta saorga chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht custaiméirí. Roimh Altocloud, bhí Barry ina leasuachtarán sinsearach ag Cisco Systems agus bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar líon rannáin ilbhiliún dollar, lena n-áirítear Comhoibriú agus Prótocal Idirlín Guthaithe, a stiúir sé ó sheasamh sciar an mhargaidh sa séú háit go dtí an chéad áit ar fud an domhain. Chaith Barry a lán dá ghairm in Silicon Valley agus is comhbhunaitheoir é de Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann. Tá céim Bhaitsiléara aige san innealtóireacht leictreach ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus céim Mháistir i riarachán gnó ó Ollscoil Santa Clara, California.



An tUasal Liam Madden

Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Bainisteoir Ginearálta Ghrúpa Sreangaithe agus gan Sreang ag Xilinx

Stiúránn Liam Madden eagraíocht gairmithe T&F ar fud an domhain, lena n-áirítear foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus mar BG tá sé freagrach chomh maith as thart ar ioncam \$1 bhilliún. Tá níos mó na 30 bliana caite ag an Uasal Madden i dtionscal leathsheoltóra SAM áit a raibh páirt aige i réimse phríomhtháirgí agus príomhtheicneolaíochta an tionscail. Bunaithe in Silicon Valley, d'oibrigh sé le cuideachtaí bunaithe agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta in IPO rathúil. Tá an tUasal Madden ina chainteoir rialta ag imeachtaí ollscoile agus tionscail ar fud an domhain. Tá chúig phaitinn aige sa teicneolaíocht leathsheoltóra. Tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí na hÉireann agus ó Feabhra 2013 go dtí 2018 bhí sé ina Ollamh Cúntóra san Innealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Cumarsáide ag COBÁC.



Mary Doyle, Uasal

Iar-Ardstiúrthóir, an Roinn Oideachais agus Scileanna

Suíonn Mary Doyle, Uasal ar Bhord FEÉ mar cheapaí an Aire Oideachais agus Scileanna. Ghlac Mary a ról sa Roinn Oideachais agus Scileanna i mí an Mheithimh 2012 inar stiúir sí na Rannáin Ardoideachais agus Breisoideachais sa Roinn. D'oibrigh sí i Roinn an Taoisigh, na Sláinte, agus bhí sí ina hArd-Stiúrthóir in Oifig/Roinn an Aire agus Gnóthaí Leanaí agus Óige. Bhí sí ina comhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Bhord Náisiúnta Staidrimh agus bhí sí ina Comhairle Fóraim den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá sí ina comhalta faoi láthair ar Bhord The Wheel. Tá céim aici ó Staidéar na hEorpa ó OL agus Máistreacht i mBainistíocht na Seirbhíse Poiblí ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC/Foras Bainistíochta na hÉireann.



Gráinne McAleese, Uasal

An Ceann Airgeadais do UDG Healthcare plc

Ceannaire gnó sinsearach is ea Gráinne McAleese ag a bhfuil taithí ar a bheith ag obair go hidirnáisiúnta ar leibhéal coiste feidhmiúcháin i ról airgeadais agus cheannaireachta, sa tionscal cógaisíochta agus biteicneolaíochta den chuid is mó. Tá Gráinne ina Ceann Airgeadais faoi láthair do UDG Healthcare plc, cuideachta dhomhanda a bhfuil a ceanncheathrú in Éirinn a sholáthraíonn seirbhísí nuálacha seachfhoinsithe do chuideachtaí cúraim sláinte. Roimh UDG Healthcare, d'oibrigh sí mar Bhainisteoir Ginearálta d'Éirinn agus Leas-Uachtarán, Airgeadas le Alexion Pharmaceutical, cuideachta bhiteicneolaíochta SAM do ghalair neamhchoitianta. Caith Gráinne 10 mbliana ag obair le Elan Corporation, plc sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn i ról éagsúla airgeadais chorparáidigh, straitéisigh agus ghrúpa, agus le déanaí mar Rialaitheoir Corparáideach agus Príomhoifigeach Cuntasáíochta. Tá Gráinne ina Comhalta de Chuntasóirí Cuntasóirí Cairte na hÉireann, agus ina Cuntasóir Poiblí Deimhnithe sna Stáit Aontaithe, agus tá céim Bhaitsiléara agus Mháistir aice ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 7 den Acht seo, arna leasú. Tá an Bord freagrach don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (“an tAire”) agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíodh sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. In Alt 7(4) den Acht ceanglaítear ar an mBord cloí leis na treoracha ginearálta sin a bhaineann le beartas i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a thabharfadh an tAire. Tá gnáthbhainistíocht laethúil, rialú agus treoir Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí faoi fhreagracht an Ard-Stiúrthóra agus na foirne bainistíochta sinsearaí.

Lena chois sin, spreagann an Bord atmaisféar eiticíúil na Fondúireachta lena ghníomhaíochtaí féin, ach chomh maith leis sin trí mhaoirseacht a dhéanamh ar an lucht bainistíochta sinsearaí agus ar na baill foirne lena chinntiú go gcuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann luachanna, dea-chaighdeán rialachais agus iompar eiticíúil ag croílár gach leibhéil den Fhondúireacht. Cloíonn an tArd-Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an tArd-Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar an Bhoird, ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrach lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an Bord tá:

- Dearbhú leasanna
- Tuarascálacha ón na gcoistí Boird, lena n-áirítear scaipeadh miontuairiscí
- Tuarascálacha airgeadais /cuntais bainistíochta Tuarascálacha feidhmíochta
- Clár rioscaí agus
- Cúrsaí a fhorchoimeádtar don Bhord

In Alt 24 den Acht ceanglaítear ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a fhaomhfadh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Fondúireachta:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh sí ar aghaidh i mbun oibre, agus
- A shonrú má cloíodh le caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ábhartha ar bith a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht. Tá coimeád agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Fondúireachta faoi fhreagracht an Bhoird. Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Fondúireacht faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil ar an 10 Nollaig, 2018. Rinne an Bord, tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca den chuid is mó, measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chuí agus bearta nó straitéisí gaolmhara um maolú.

Tá an Fhondúireacht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh lena gcosaint agus calaíocht agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cothrom i ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Fondúireachta ag an 31 Nollaig 2018.

Struchtúr agus Coistí an Bhoird

Cuimsítear de ghnáth i mBord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Tá na scileanna agus an saineolas comhlántach is cuí ag na Comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin Boird chun an straitéis agus na beartais leathana a leagan amach don Fhondúireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar a feidhmiú. Tá sonraí sa tábla thíos maidir leis an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta a Ceapadh
Bernie Cullinan	Leas-Chathaoirleach (5 Nollaig 2018)	07/12/2009 (athnuaite 24/7/15)
Pat Duane	Comhalta Boird	29/09/10 (athnuaite 24/7/15)
Mark Ferguson	Ard-Stiúrthóir	16/1/12 (athcheaptha 16/1/17)
Liam Madden	Comhalta Boird	01/02/13 (athnuaite 08/06/17)
Mary Doyle	Comhalta Boird	05/12/2012 (athnuaite 23/08/16)
Aidan Donnelly	Comhalta Boird	05/12/13 (athnuaite 08/06/17)
Dermot Mulligan	Comhalta Boird	02/09/15
Barry O’Sullivan,	Comhalta Boird	19/11/14 (athnuaite 25/7/18)
Tom Blundell	Comhalta Boird	19/11/14
Máire Geoghegan Quinn	Comhalta Boird	11/04/18
Gráinne McAleese	Comhalta Boird	25/10/18

Rinne an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht i mí Feabhra 2019 trí thuarascáil a chur isteach maidir le gníomhaíochtaí 2018, lenár áiríodh athbhreithniú ar Choistí an Bhoird agus rinne na comhaltaí Boird Ceistneoir Meastóireachta Boird chomh maith. Chuir an Bord ceithre choiste ar bun mar a leanas:

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR), ina gcuimsítear cúig chomhalta, tacaíocht a thabhairt don Bhord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna um riosca, rialú agus rialachas dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus déanann sé monatóireacht ar chosaintí an chórais rialaithe inmheánaigh agus airgeadais, déanann sé maoirseacht ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí agus ar sheoladh iniúchtaí ar dheontais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an dheonaítear d’institiúidí seachtracha. Cinntíonn an coiste go bhfuil córas chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus soláthar a dhéanamh do gníomhaíochtaí um maolú i bhfeidhm agus go gcoinnítear cothrom le dáta é. Déanann an coiste monatóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar thuarascálacha airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn rialta lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tá an coiste freagrach chomh maith as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna nuashonrú i mí Mheán Fómhair 2016. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca: Bernie Cullinan (Cathaoirleach), Aidan Donnelly, Gráinne McAleese, Marcus Breathnach agus Brendan Harte. (Ní comhaltaí Boird iad an tUasal Breathnach an tUasal Harte Ionadaí de chuid na Roinne is ea an tUasal Breathnach agus comhalta coiste seachtrach is ea an tUasal Harte). Bhí seacht gcruinniú ag an CIR in 2018.

Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird

Tá ceithre chomhalta ar Choiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird (CCA) agus breithníonn sé na scileanna a theastaíonn don Bhord chomh maith le réimsí saineolais agus tugann siad comhairle don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí dá réir sin nuair a thagann folúntas sa Bhord chun cinn. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhalta an choiste: Bernie Cullinan (Cathaoirleach), Mark Ferguson, Barry O’Sullivan agus Dermot Mulligan. Bhí trí chruinniú ag an gcoiste in 2018.

An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tá dhá chomhalta sa Choiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair (MDRC) agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus déanann sé maoirseacht ar phleanáil le haghaidh forbairt bainistíochta agus comharbais. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhalta an choiste: Bernie Cullinan (Cathaoirleach) agus Aidan Donnelly. Bhí cruinniú amháin ag an gcoiste in 2018.

Coiste Ceada Deontas

Tugtar an chumhacht do Choiste Ceada Deontas FEÉ (CCD) ina bhfuil cúig chomhalta, tograí maidir le deontais taighde a cheadú i gcomhréir leis na leibhéil údaráis tarmlichte arna gceadú ag an mBord. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhalta an choiste: Liam Madden (Cathaoirleach), Pat Duane, Tom Blundell, Barry O'Sullivan agus Mark Ferguson.

Bhí trí chruinniú ag an gcoiste in 2018 (agus cheadaigh comhaltaí an choiste deontais ar an ríomhphost dhá uair). D'éirigh Martin Lyes, comhalta seachtrach den choiste, le héifeacht ón 06/03/2019.

Rinneadh liosta dámhachtainí arna gceadú ag an gCoiste Ceada Deontas in 2018 a scaipeadh ar an mBord le haghaidh faisnéise i mí Feabhra 2019. D'aontaigh an coiste aga socraithe a bhunú le haghaidh chruinnithe CCD chun go mbeidh siad ar siúl i gcomhthráth le dátaí cruinnithe an Bhoird. Nuair is gá, déanann telecon na cruinnithe a fhorlónadh le linn na bliana. Rinne an coiste athbhreithniú ar a éifeachtúlacht i mí an Mheithimh 2018 agus áiríodh ar aschuir an athbhreithnithe sin treoir bhreise maidir le Coinbhleachtaí Leasa agus soláthraíodh forléargas cláir don choiste.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus na gcoistí le haghaidh 2018 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fuair gach comhalta.

	An Bord	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Ceada Deontas	Coiste Comhairleach Ainmníúchán an Bhoird	Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair	Táillí 2018	Speansas 2018
Líon na gcruinnithe	6	7	3	3	1		
Tom Blundell	5		3			11,970	1,399
Pat Duane	6		3			11,970	-
Bernie Cullinan	5	6		1	1	11,970	215
Dermot Mulligan	6			3		-	-
Mary Doyle	6					-	114
Liam Madden	5		3			-	30,473
Aidan Donnelly	6	7			1	11,970	150
Barry O'Sullivan,	5		3	2		-	311
Máire Geoghegan Quinn (ceaptha 11/4/18)	4					8,645	800
Gráinne McAleese (ceaptha 25/10/18)	1					2,220	-
Mark Ferguson	6		3	3		-	-
Ann Riordan (éirithe as 04/12/18)	5				1	19,031	439
Geraldine Ruane (éirithe as 24/7/18)	2	2				-	-
IOMLÁN						77,776	33,901

Íoctar na comhaltaí Boird táillí arna socrú ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithee. Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socruithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Is iad sin an tOllamh Mark Ferguson, Mary Doyle, Uasal, Geraldine Ruane, Uasal agus an tUasal Dermot Mulligan. Chomh maith leis sin, tharscaoil dhá chomhalta Boird, an tOllamh Liam Madden agus An tUasal Barry O’Sullivan, a dtáillí Boird.

Príomhathruithe ar an bpearsanra:

- Ceapadh Máire Geoghegan Quinn, Uasal, sa Bhord ar an 11 Aibreán 2018
- Athcheapadh an tUasal Barry O’Sullivan sa Bhord ar an 25 Iúil
- D’éirigh Geraldine Ruane as an mBord ar an 24 Iúil 2018
- Ceapadh Gráinne McAleese, Uasal, sa Bhord ar an 25 Deireadh Fómhair 2018
- D’éirigh an Dr Martin Lyes as an gCoiste Ceada Deontas ar an 6 Márta 2019
- D’éirigh Ann Riordan, Uasal mar Chathaoirleach an Bhoird ar an 4 Nollaig 2018

Chuaigh an Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ardstúirthóir in Eanáir 2018. D’éirigh an Dr Darrin Morrissey as mar Stiúrthóir na gClár le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Iúil 2018. Ceapadh an Dr Siobhan Roche mar Stiúrthóir na hEolaíochta don Gheilleagar i mí Mheán Fómhair 2018.

Nochtadh arna Cheangal leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2018	2017
€60,000	- €69,999	10	12
€70,000	- €79,999	4	10
€80,000	- €89,999	-	3
€90,000	- €99,999	5	5
€100,000	- €109,999	6	3
€110,000	- €119,999	1	-
€120,000	- €129,999	-	2
€140,000	- €149,999	1	1
€150,000	- €159,999	1	-
€170,000	- €179,999	-	1
€180,000	- €189,999	1	-

Nóta: Chun críocha an noichta sin, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

	2018	2017
	€	€
Comhairle dhlíthiúil	150,000	172,000
Comhairle maidir le cáin agus airgead	14,000	12,000
Táillí deartha agus bainistíochta tionscadail maidir leis an mbogadh go háitreabh	178,000	0
Athbhreithniú ar mheastóireacht Chlár Fionn FEÉ	36,900	0
Comhairle um Ionracas Taighde	21,902	0
Eile	30,198	90,000
Costais sainchomhairleoireachta iomlána	431,000	274,000
Costais Sainchomhairleoireachta Caipitlithe	-	-
Costais Sainchomhairleoireachta gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta	431,000	274,000

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tá caiteachas a thabhaíodh i ndáil le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair FEÉ nochta sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas. Ní dhearnadh cásanna dlíthiúla nó socraíochtaí dlíthiúla ar bith in 2018.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2018	2017
	€	€
Intíre		
-Bord*	9,000	12,000
-Fostaithe	119,000	85,000
Idirnáisiúnta		
-Bord*	32,000	55,000
-Fostaithe	112,000	96,000
Iomlán	272,000	248,000

* áirítear air taisteal agus cothú €2,000 a íocadh díreach leis na comhaltaí Boird in 2018 (2017: €3,000). Baineann an t-iarhméid €39,000 (2017: €64,000) le caiteachas a d’íoc Fondúireacht Eolaíochta Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird.

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2018	2017
	€	€
Fáilteachas foirne	1,000	3,000
Fáilteachas cliant	-	-
Iomlán	1,000	3,000


Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Glac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2018.

Bainistíocht Riosca

Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann Straitéis agus Beartas Riosca FEÉ, ina leagtar amach an córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina leagtar amach ról agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhaineann le bainistíocht riosca. Is é beartas na Fondúireachta cloí leis an dea-chleachtas um bainistíocht riosca. Sa Bheartas agus sa Straitéis leagtar amach an próiseas trína ndéanann an Fhondúireacht na príomhrioscaí a bhaineann lena gníomhaíochtaí a shainaithint agus dul i ngleic leo. Cuireann an Coiste Bainistíochta Rioscaí na rioscaí i dtoll a chéile le hionchur agus tacaíocht ón gCoiste Feidhmiúcháin agus déantar tuarascáil ina leith ag eatraimh rialta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca FEÉ agus don Bhord, lena n-áirítear bearta, rialuithe agus nuashonruithe gaolmhara um maolú. Rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chúí agus bearta nó straitéisí gaolmhara um maolú.

Struchtúr na hEagraíochta 2019



Foireann Feidhmiúcháin

An tOllamh Mark Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na – féach an phróifíl iomlán ar leathanach 32.

An Dr Ciarán Seoighe - Leas-Ardstiúrthóir

Chuaigh an Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ardstiúrthóir in Eanáir 2018. Ina ról tá Ciarán freagrach as Straitéis Eagraíochtúil, Cumarsáid Chorporáideach agus foireann idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Lena chois sin, déanann sé ionadaíocht ar son an Ard-Stiúrthóra de réir mar is gá. Chuaigh Ciarán le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndiaidh beagnach fiche bliain i gcomhairleacht bainistíochta le Accenture. Tá BA (Mod) aige san Eolaíocht Nádurtha agus PhD san Fhísic Chandamach ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC. I rith a chuid ama le Accenture, in Éirinn agus san Afraic Theas araon, d'oibrigh Ciarán le cuid de na heagraíochtaí is mó agus is rathúla ar domhan. Tá cuimse taithí aige ar fud earnálacha éagsúla a chomhlíonann tionscnaimh mhórsála um athrú ó bhonn, ath-innealtóireacht gnó, tionscnaimh straitéiseacha agus athraithe.

An tUasal Donal Keane - Príomhoifigeach Oibríochta

Ceapadh an tUasal Donal Keane mar an Príomhoifigeach Oibríochtaí ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar an 1 Samhain 2005. Tá an fhreagracht aige as Rialú Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais Deontas, Córais Faisnéise, Líonraí TF, Cosaint Sonraí/RGCS agus idirchaidreamh leis an gComhordaitheoir Iniúchóireachta Inmheánaí i ndáil le hiniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí deontas seachtrach. Chuaigh Donal le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó IADT Dhún Laoghaire, ina raibh post aige mar Rúnaí/ Rialaitheoir Airgeadas ó 1997 go 2005. Roimhe sin bhí poist bhainistíochta sinsearaí ag Donal ag Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus in Toronto, Ceanada. Bhí Donal ina chomhalta chomh maith ar Choistí Iniúchóireachta Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa (Strasbourg) agus BBSRC (cuid de UKRI anois) le blianta beaga anuas. Tá céim Bhaitsiléara sa Tráchtála ag Donal ó COBÁC agus is Comhalta é ar Institiúid Chairte na gCuntasóirí in Éirinn.

An Dr Abigail Ruth Freeman - Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Ceapadh an Dr Abigail Ruth Freeman mar Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide in 2013, agus in athstruchtúrú roinne in 2018, rinneadh Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí di. Roimh a ceapachán reatha, bhí poist ag Ruth ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lena n-áirítear Stiúrthóir na Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, Stiúrthóir Clár, Fiontraíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, le freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar gach clár maoinithe taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus as bainistíocht dámhachtainí maoinithe, chomh maith le gníomhaíochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le comhpháirtithe an tionscail agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Chuaigh Ruth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Bhainisteoir Clár Eolaíochta in mí na Samhna 2006. Sula ndeachaigh sí leis an bhFondúireacht, d'oibrigh Ruth mar thaighdeoir ag Ollscoil na Tríonóide, BÁC. Tá PhD agus céim Bhaitsiléara aici sa Ghéinitic ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC, áit inar bronnadh scoláireacht na Tríonóide uirthi, Duais Eli Lilly don Cheimic agus duais Roberts don Bhitheolaíocht. Maoiníodh taighde Phd Ruth, ar ghéinitic daonra i gcriosanna hibrideacha, ó scoláireacht ghradamach ón Wellcome Trust agus rinneadh é ag Ollscoil na Tríonóide, BÁC agus ILRI, Nairobi.

An Dr Siobhan Roche - Stiúrthóir na hEolaíochta don Gheilleagar

Ceapadh an Dr Siobhan Roche mar Stiúrthóir FEÉ na hEolaíochta don Gheilleagar in 2018. Tá sí freagrach as straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le cláir um maoiniú iomaíoch a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ag obair go dlúth le comhpháirtithe an tionscail, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha móra agus beaga, taighdeoirí acadúla agus páirtithe leasmhara seachtracha eile, maidir le comhoibriú agus cómhaoiniú clár. D'oibrigh Siobhán laistigh d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar feadh roinnt blianta, go déanaí mar Cheann maidir le hlar-dhámhachtainí agus Ionaid Taighde FEÉ, i ndiaidh a róil mar Cheann na gComhpháirtíochtaí agus Bainisteoir Clár Eolaíoch. Tá taithí ag Siobhán mar eolaí taighde ón earnáil phríobháideach, inar oibrigh sé le Exelixis Inc. atá bunaithe sna Stáit Aontaithe agus le hiarchuideachta nuathionscanta Éireannach maidir le géanóm an duine Hiberger Inc. le hacadóirí áit ina raibh sí ina Comhalta Taighde agus ina Ceannaire Grúpa ag Ollscoile na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ospidéal Phádraig. Rinne Siobhán foilseacháin a údarú i mór-irisleabhair, phiarmheasúnaithe agus tá roinnt paitinní idirnáisiúnta aici. Tá B.A. Mod aici sa Ghéinitic ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC agus PhD i mBitheolaíocht Mhóilíneach agus i gCillbhitheolaíocht ó Ollscoil California ag Berkeley (SAM).

Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

1. Comhaltaí Boird – Clárú Leasanna

Oibríonn an Bord de réir na bpríomhphrionsabail um dhea-chleachtas rialachais chorparáidigh agus i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach i gCód Cleachtais 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina ghníomhaíochtaí agus ina úsáid as coistí. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, cláraíonn comhaltaí Bhoird Fondúireacht Eolaíochta Éireann a gcuid leasanna i dtiomantais eile leis an Rúnaí.

2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Tháinig Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Rinneadh comhlacht forordaithe d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 ón 31 Bealtaine 2006 i leith. Cloíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go hiomlán leis an Acht. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig Oifigeach SF, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Teach Pháirc Wilton. Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. In 2018 fuair FEÉ sé iarratas SF.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

4. (i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi choimirce an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é beartas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íofar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm lenar féidir le FEÉ gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta i ngach cúrsa ábhartha.

4. (ii) Íocaíochtaí prasa le soláthraithe

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta dá hoibleagáidí a bhaint amach faoi na Rialacha um Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011. Leis an bhforáil sin cinntítear go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann

ar bhonn ráithiúil sa roinn 'Maidir linn – Rialachas – Seirbhís do Chustaiméirí' den suíomh gréasáin maidir le cur chun feidhme na Rialach um Íoc Pras 15 lá. <http://www.sfi.ie/about-us/governance/customer-service/>

5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó chroí le prionsabail na gcomhdheiseanna san fhostaíocht. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn datha, cine, náisiúntachta, gnéaschlaonta, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó ceantar tionscnaimh), reiligiúin, inscne, stádas pósta, aoise nó míchumais. Léirítear tiomantas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do chur chun feidhme comhdheiseanna ina beartais, cleachtais agus nósanna imeachta, earcaíocht, cur chun cinn, oiliúint, úsáid as teanga neamh-idirdhealaitheach i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin na Fondúireachta. Is é an cuspóir a chinntiú go roghnófar na baill foirne uile agus go gcaithfear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolais agus a gcáilíochtaí amháin.

6. An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní dhearnadh nochtadh ar bith do Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in 2018.

7. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010.

I gcomhréir leis an Acht thuas, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le ÚFT bearta cuí chun feidhme chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad laistigh dá hoifigí a chosaint.

8. Cairt Cliant

D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann Cairt Cliant ina leagtar amach a tiomantas do sheirbhís ardchaighdeán. Cuimsítear sa chairt sin nós imeachta chun déileáil le gearáin. In 2018, ní bhfuarthas gearáin ar bith faoin gcairt.

9. Tuairisciú a dhéanann Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

Faoin Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009 tá oibleagáidí tuairiscithe fuinnimh faoi leith ag an earnáil poiblí. Tá oifigí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton. Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Bainistíonn ÚFT saoráidí na bhfoirgneamh. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá FEÉ sásta go ndéanann ÚFT a dhícheall leas a bhaint as na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaoil agus is féidir. I gcomhréir le hIonstraim Reachtúil (IR) 542, 2009, thuairiscigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann sonraí maidir le húsáid fuinnimh le haghaidh 2018 trí shuíomh gréasáin monatóireachta agus tuairiscithe na hearnála poiblí.

Ráitis Airgeadais Bhliantúla don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Tuairim Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Maidir leis na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar Ráitis Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeáda
- Ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann amhail an 31 Nollaig 2018 agus maidir lena hioncam agus lena caiteachas le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis an bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

an 26 Meitheamh 2019

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Faoi mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus tuarascáil na gComhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach

- as ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheith saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuirisc ábhartha nuair atá sí ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádam sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn na riosca mura mbraitear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochtá lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáiochta agus, ar bhonn na fianaise iniúcháireachta a faighim, agus maidir le cibé

an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcás le Fondúireacht Eolaíochta Éireann scor de bheith ina ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus

cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh cur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuiriscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile.. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuirisc ábhartha ag baint leis an bhfaisnéis sin, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má sainaimním cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má sainaimním cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad..

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim do m'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasáiochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasáiochta.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann admháim ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann san áireamh sa fhreagracht ceanglais an Chóid Dea-Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá córas um rialú inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí

agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta nuashonrú fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina bhfuil trí chomhalta Boird móide ceapachán seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta, agus tá duine díobh ina Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile seacht n-uaire in 2018.

Bhunaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann feidhm iniúcháireachta inmheánaí chomh maith a bhfuil dóthain acmhainní léi agus seolann sé clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR.

D'fhorbair an CIR beartas um bainistíocht riosca ina leagtar amach a inghlachthacht riosca, na próisis um bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat um Riosca agus Rialú

Chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena ndéantar na príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú a shainaithint agus a thuairisciú.

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn dhá mhí. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlachta.

Sa Chlár Rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú na rialuithe a sanntar chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist,
- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air,
- tá córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní an a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta um rialú i bhfeidhm maidir le maoiniú a dheonú do ghníomhaireachtaí seachtracha lena chinntiú go rialaítear deonú deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar na dámhaithe lena chinntiú gur cuireadh an maoiniú deontais a tugadh i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí agus athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad/réamh-mheastachán.

- Piarmheasúnú seachtrach ar gach togra taighde arna ndéanamh ag saineolaithe eolaíoch lena mheas ar fiú an togra ó dhearcadh taighde oideachais agus eolaíoch de agus an gcomhlíonann sé na critéir maidir le maoiniú,
- Monatóireacht agus rialú ar gach deontas taighde a dheonaítear, agus íocaíochtaí bliantúla deontas bunaithe ar réamh-mheastacháin bhuiséid a sholáthraítear gach bliain do gach dámhachtain agus an rogha ann íocaíochtaí deontais a chur siar má bhíonn an caiteachas faoin mbuiséad,
- Córais bhliantúla bunaithe ar athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí i ndáil le deontais taighde a dhámhtar a dhéantar ag na Comhlachtaí Taighde Incháilithe,
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas,
- Smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha nós imeachta a chinntiú agus a chinntiú gur chomhlíon Fondúireacht Eolaíochta Éireann na nósanna imeachta sin in 2018.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na nIniúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha do 2018 an 26 Márta 2019.

Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach maidir le 2018 ar theastaigh iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Bernie Cullinan, Uasal
Leaschathaoirleach

Dáta: 24 Meitheamh 2019

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	2	191,582	182,933
Ioncam Eile	3	3,100	2,679
Glanmhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha	5(c)	1,666	1,581
		196,348	187,193
Caiteachas			
Speansais Riaracháin, Oibríochtaí agus Cur chun Cinn	4	10,957	10,198
Dímheas	6	164	146
Costais Sochar Scoir	5(a)	1,461	1,400
Deontais a Íocadh	9(a)	183,729	175,426
		196,311	187,170
Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe		37	23
Aistriú (go) / chuig an gCuntas Caipitil	7	97	(27)
Barrachas/ (Easnamh) don Bhliain i ndiaidh leithreasuithe		134	(4)
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail 1 Eanáir 2018		593	597
Iarmhéid Tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2018		727	593

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na Nótaí 1 go 16 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo. Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Bernie Cullinan, Uasal
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 24 Meitheamh 2019



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 24 Meitheamh 2019

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Barrachas/(Easnamh) i ndiaidh Leithreasuithe		134	(4)
Cailteanais ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir		(415)	(828)
Athrú ar bhoinn tuisceana is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar sainithe		810	4
Iomlán Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach sa tréimhse	5(d)	395	(824)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir larchurtha		(395)	824
Iomlán an Ioncaim Chuimsitheach/(Cailteanas) don bhliain		134	(4)

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na Nótaí 1 go 16 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.
Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Bernie Cullinan, Uasal
Leas-Chathaoirleach



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 24 Meitheamh 2019

Dáta: 24 Meitheamh 2019

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	8	165	262
Sócmhainní Reatha			
Earraí Infhaighte	10	292	897
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,686	402
		1,978	1,299
Dlíteanais Reatha (Méideanna atá Dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha	11	(1,251)	(706)
Glansócmhainní Reatha		727	593
Dlíteanais Fhadtéarmacha (Méideanna atá dlite i ndiaidh bliain amháin)		-	-
Sochair scoir			
Dlíteanas Sochar Scoir	5(b)	(18,789)	(17,518)
Glansócmhainn um Maoiniú Sochar Scoir Iarchurtha	5(b)	18,789	17,518
		-	-
Iomlán na nGlansócmhainní		892	855
Léirithe ag:			
Cuntas Caipitil	7	165	262
Barrachas Carntha ag deireadh na Bliana		727	593
		892	855

Tá na Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na Nótaí 1 go 16 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo. Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Bernie Cullinan, Uasal
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 24 Meitheamh 2019



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: 24 Meitheamh 2019

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Glansreafaí Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Réiteach an Bharrachais Ioncaim thar Chaiteachas		37	23
Dímheas Sócmhainní Seasta	6	164	146
Laghdú / (méadú) ar Earraí Infhaighte	10	605	(264)
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	11	545	288
Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,351	193
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	8	(67)	(173)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí Infheistithe		(67)	(173)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,284	20
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir 2018		402	382
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig 2018		1,686	402

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

1 Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús leis na beartais chuntasaíochta agus shuntasacha a ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad le linn na bliana agus na bliana roimhe sin.

(a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013, agus tá a Ceannoifig ag Teach Pháirc Wilton. Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann arna leagan amach faoi alt 7 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus arna leasú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013:

Tugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann urraíocht i leith taighde bunúsach dírithe agus feidhmithe sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (STEM), lena gcuirtear forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta chun cinn in Éirinn. Chomh maith leis sin cuireann an Fhondúireacht staidéar ar oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus cuireann sé feachtas agus tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus go háirithe fás an gheilleagair chun cinn.

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

(b) Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairiscíú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

(c) Bunús an Ullmhaithe

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag a luachanna córa atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna faomhadh ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Arna Leasú), 2013. Tagann na ráitis airgeadais le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a tháinig i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta a thosaigh ar an 1 Meán Fómhair, 2016 nó ina dhiaidh sin.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

(d) Ioncam

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe ach amháin i gcás Deontas ón Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ag an gcostas lúide Dímheas Carntha, coigeartaithe le haghaidh soláthar ar bith le haghaidh bearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach maoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn méid chothroim thar a saolréanna fóna measta, faoi mar a leanas:

- | | |
|---|----------|
| (i) Trealamh Ríomhaire agus Ríomhaire Bogearraí | 3 bliana |
| (ii) Feistí agus Daingeáin | 5 bliana |

Léiríonn an luach iarmharach an luach iomlán a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais na diúscairthe a asbhaint, dá má rud é go raibh an tsócmhainn chomh sean is a rabhthas ag súil leis agus sa riocht a rabhthas ag súil leis ag deireadh a saolré fóna.

(f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach agus tá sé scríofa ar aon dul leis an mbeartas dímheasa le haghaidh na sócmhainní sin.

(g) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag deireadh na bliana Airgeadais. Déantar ioncaim agus costais a aistriú ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag dátaí na mbun-idirbheart. Pléitear an barrachas nó na heasnamh a bhíonn mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda.

(h) Sochair Fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníochta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Rinneadh foráil san Acht um Fhorbairt Tionscail (Díscaoileadh Forfás) 2014 (Uimh. 13 de 2014) a ritheadh sa dlí ar an 16 Iúil 2014 le haghaidh dhíscáileadh Forfás agus rinneadh foláir ann i leith Fondúireacht Eolaíochta Éireann a bhunú mar fhostóir dlíthiúil ar leith. Faoin reachtaíocht:

- ▶ Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagrach a scéim pinsean féin a chur ar bun.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

- ▶ Glacann Baill Foirne FEÉ arbh bhaill de scéim Pinsean Forfás iad páirt sa scéim úr ar théarmaí aoisliúntais nach lú fabhar ná na téarmaí a bhí acu faoi scéim Forfás díreach roimh dháta an aistriúithe.
- ▶ Tá FEÉ freagrach as pinsin na mball foirne a éireoidh as ón 16 Iúil 2014 i leith.
- ▶ Glacann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide Post, Fiontar agus Nuálaíochta an fhreagracht dhlíthiúil as scéim pinsean Forfás a bhí ann agus as pinsinéirí FEÉ agus iarbhaill foirne ag a bhfuil sochair choimeáda.
- ▶ Íoctar ranníocaíochtaí pinsean fostaithe isteach sa Stáitchiste.

Cuimsítear sna Rialacháin Airí (I.R. Uimh 39 de 2019), faoi Alt 52 d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú, ina liostaítear an díolúine scéime ó cheanglais chaighdeánacha um maoiniú Chuid IV den Acht sin, Scéim Aoisliúntais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2016 sa liosta Scéimeanna atá eisiata ó fhorálacha Chuid IV d'Acht na bPinsean 1990.

Oibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Phoiblí Aonair (“An Scéim Aonair”), ar scéim le sochar sainithe é d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn na costais phinsin sochair phinsin a thuill na fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíocht pinsin na mball foirne, a tharchuirtear chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i ndáil le scéim sochar scoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil leis an Scéim Aonair.

Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéid a bhfuil sé inghnóthaithe.

Léirítear gnóthachain agus cailleanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léirítear sna Ráitis Airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus maoiniú gaolmhar ar bith, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleadh na fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach ag baint úsáid as modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhfar i dtreimhsí amach anseo ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

(i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíos faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachas Ioncaim Coimeáda de réir mar a bheidh siad dlite. Déantar dreasachtaí léasa ar bith a leathadh thar thréimhse théarma an Léasa.

(j) Íocaíochtaí Deontas Taighde

Déantar na méideanna a íoctar le Comhlachtaí Taighde ar bhonn deontais taighde a dhámhtar a mhuirearú ar an Ráiteas Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda i mbliain na híocaíochta.

(k) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na meastachán go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus go sonrach, saolré fhónta eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na bhfeisteas agus na ndaingneán, agus chinn siad go bhfuil saolréanna na sócmhainne agus na luachanna iarmharacha cuí.

Oibleagáid Sochar Scoir

Cinntear na boinn tuisceana is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochtaí costas cúraim sláinte) agus déantar iad a nuashonrú ar bhonn bliantúil bunaithe ar na dálaí reatha eacnamaíocha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

D’fhéadfadh an méid seo a leanas dul i gcion ar na boinn tuisceana:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar ráta toraidh bannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) Leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh shaothair amach anseo
- (iii) Athruithe ar Dhéimeagrafaíocht

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

2 Deontais an Oireachtais

Cuimsítear i nDeontais an Oireachtais a vótáiltear chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó Vóta 32, Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (faoin gClár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta) arna léiriú sna ráitis airgeadais :

		2018 €'000	2017 €'000
Deontais le haghaidh Caiteachas Reatha			
Íoc*	Fotheideal B.4	4,612	4,048
Costais Riaracháin	Fotheideal B.4	5,980	5,785
Deontais le haghaidh Caiteachas Caipitil			
Deontais Taighde	Fotheideal B.4	175,490	173,100
Deontais Taighde	Fotheideal B.5	5,500	-
		191,582	182,933

*Sonraítear an deontas le haghaidh caiteachas pá glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe €223,000 (2017: €198,000) a tarchuireadh chuig an Státhchiste. Áirítear orthu sin asbhaintí €77,000 (2017: €55,000) i ndáil le baill foirne na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a aistríodh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú le hAlt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, méid comhlán na ndeontas a rinne an tAire le Fiontraíocht Éireann, ÚFT agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann lena gcur ar a gcumas a n-oibleagáidí Caipitil a chomhlíonadh agus ní sháróidh na dlíteanais €7,000,000,000. Amhail an 31 Nollaig, 2018 b'ionann an méid comhlán a cuireadh ar fáil do na trí Ghníomhaireachtaí agus €6.5 billiún (2017 €6.2 billiún).

3 Ioncam Eile

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Maoiniú Deontas Taighde:			
Ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí maoiniúcháin eile le dámhachtainí a rinne FEÉ			
Teagasc	3(a)	532	184
Foras na Mara	3(b)	704	393
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	3(c)	117	207
Cumann Geolaíochta na hÉireann	3(d)	296	184
An Bord Árachais Sláinte	3(e)	57	115
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann	3(f)	-	693
Cumann Ailse na hÉireann	3(g)	184	345
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	3(h)	820	-
Fo-Iomlán		2,710	2,121
Ranníocaíochtaí ó fhoinsí maoiniúcháin eile			
Ranníocaíocht i gcomhair gairmeacha ar mhaoiniú ERA NET	3(i)		
ERA-HDHL		129	267
ERA CoSysMed		-	107
M-ERANET2		6	85
EU NanoMed III		-	7
QuantERA		29	2
Ioncam ó AE i ndáil le rannpháirtíocht FEÉ i ndámhachtainí Fhís 2020 ina bhfuil FEÉ ina comhpháirtí	3(j)		
ACT		24	-
Inroad		9	10

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

3 Ioncam Eile (ar lean)

